


# Annual Report 2011
# Tuarascáil Bhliantúil 2011

**25** *years of success*
*bliain faoi rath*

National Lottery

# Vision, Mission and Values
# Fís, Misean agus Luachanna

## Our Vision
To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

## Our Mission
To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of Government.

## Our Values
- **Integrity**
  We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.
- **Innovation**
  We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.
- **Teamwork**
  We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

## Ár bhFís
Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

## Ár Misean
Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

## Ár Luachanna
- **Ionracas**
  Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.
- **Nuálaíocht**
  Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.
- **Obair Bhuíne**
  Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

# Contents
# Ábhar


| Review of the Year | Athbhreithniú ar an mBliain | |
|---|---|---|
| Chairman's Statement | Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Review of Operations | Athbhreithniú Oibríochta | 11 |
| **Governance** | **Rialachas** | |
| Board of Directors | An Bord Stiúrtha | 42 |
| Management Team | An Bhainistíocht | 44 |
| **Finance** | **Airgeadas** | |
| Index to the Financial Statements | Innéacs do na Ráitis Airgeadais | 45 |




Lily Gallagher and family from Drogheda Co. Louth won a Lotto jackpot of €5,178,377 in October 2011.

Lily Gallagher agus a teaghlach as Droichead Átha, Co. Lú, a bhuaigh pota óir Lotto dar luach €5,178,377 mí Dheireadh Fómhair 2011.




# 25 years ago we started with 1 Scratch Card game and a dream...

25 Bliain ó shin thosaíomar le
1 Cluiche Scríobchárta agus le haisling...

## we have come a long way...

Tá bóthar fada siúlta againn...

**4 lotto games**
**4 chluiche Lotto**

**2 EuroMillions games**
**2 chluiche EuroMillions**



**2 TV Gameshows**
**2 Sheóchluiche Teilifíse**

**31 Scratch Card Games**
**31 chluiche Scríobchárta**



**15 Online Games**
**15 chluiche Ar Líne**

**2 Monday Million games**
**2 chluiche Monday Millions**

**All or Nothing**
**All or Nothing**

**Telly Bingo**
**Telly Bingo**

**2 Millionaire Raffle games**
**2 chluiche Millionaire Raffle**

Our Results
Ár dTorthaí

## 2011 Results Torthaí 2011

### Sales Díolachán

**€761m**

€761.4 million sales were achieved in 2011.

Baineadh amach díolachán de €761.4 milliún i 2011.




### Prizes Duaiseanna

**€423m**

€422.5 million in prizes was won by 34.3 million winners of National Lottery games, up from €419.9 million in the previous year.

Bhuaigh 34.3 milliún buaiteoir i gcluichí de chuid an Chrannchuir Náisiúnta duaiseanna dar luach €422.5 milliún – ardú ó €419.9 milliún an bhliain roimhe sin.




## *25 Years Results Figures* *Figiúirí thorthaí 25 bliana*

### Over €12 billion in Sales

Over the 25 years since it was established, the National Lottery has steadily increased its annual turnover. From sales of €130 million in its first nine months, accumulated sales now stand at €12,059 million.

### Breis is €12 billiún de Dhíolachán

Thar an tréimhse 25 bliana ó bunaíodh é, mhéadaigh an Crannchur Náisiúnta a láimhdeachas bliantúil go leanúnach. Ó dhíolachán de €130 milliún ina naoi mí tosaigh, seasann an díolachán carnach anois ag €12,059 milliún.

### Over €6 billion in Prizes

National Lottery players have reaped the benefits of playing. From 1987 to 2011, €6.3 billion in prize money has been won by millions of players.

### Breis is €6 billiún de Dhuaiseanna

Bhain imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta tairbhe as bheith ag imirt. Ó 1987 i leith go dtí 2011, tá €6.3 billiún de dhuais-airgead buaite ag na milliúin imreoirí.

### €4 billion raised for Good Causes

Over the last 25 years, €4 billion has been raised by the National Lottery, and distributed by Government, to benefit hundreds of thousands of good causes all over Ireland.

### €4 billiún cruinnithe do Dhea-Chúiseanna

Le 25 bliain anuas, tá €4 billiún cruinnithe ag an gCrannchur Náisiúnta, agus dáilte ag an Rialtas, ar na céadta míle dea chúiseanna ar fud na hÉireann.

## Funds for Good Causes Cistí do Dhea-Chúiseanna

# €232m

€231.9 million was raised for good causes in 2011.

Gnóthaíodh €231.9 milliún do dhea-chúiseanna i 2011.




### Over €3 billion in Scratch Card Sales in 25 years

In 1987, National Lottery operations began with the 'Instant 3' Scratch Card. Sales of this Scratch Card in its first full year were €113 million. The loyalty of Scratch Card players has continued, and sales of Scratch Cards in 2011 were in excess of €158 million.

### Breis is €3 billiún ar Dhíolachán Scríobchártaí le 25 bliain anuas

I 1987, thosaigh gníomhaíochtaí an Chrannchuir Náisiúnta le Scríobchárta 'Instant 3'. Bhí díolachán de €113 milliún ar an scríobchárta seo le linn a chéad bliana iomláine. Lean dílseacht imreoirí na Scríóbchártaí agus bhí díolachán de bhreis is €158 milliún ar Scríobchártaí i 2011.

### Over €929 million in EuroMillions and Plus Sales

Since 2004, the EuroMillions game has shown substantial growth. Sales of over €59 million were recorded in it's first full year. By 2011, sales of EuroMillions had surged to over €127 million. When added to the EuroMillions Plus game, combined sales in this game category were €170 million.

### Breis is €929 milliún de Dhíolachán ar EuroMillions agus Plus

Ó 2004 i leith bhí fás substaintiúil ar chluiche EuroMillions. Baineadh amach díolachán de €59 milliún air le linn a chéad bliana iomláine. Faoi 2011, bhí borradh faoi dhíolachán EuroMillions a thug go dtí breis is €127 milliún é. Nuair a chuirtear é le cluiche EuroMillions Plus, bhí comhdhíolachán de €170 milliún ar an gcatagóir seo cluichí.




# In 2011...

For every €1 spent with the National Lottery, 30.5 cent went to good causes around Ireland.

# I 2011...

Ar gach €1 a caitheadh ar an gCrannchur Náisiúnta, chuaigh 30.5 cent de go dtí dea-chúiseanna ar fud na hÉireann.

# Chairman's Statement
# Ráiteas an Chathaoirligh



It gives me great pleasure to report another successful year's operations at Ireland's National Lottery, where in 2011, despite the continuing difficult economic environment, we delivered €231.9 million for distribution by the Government to good causes.

Is ábhar mór sásaimh dom a thuairisciú go raibh bliain rathúil eile ag oibríochtaí Chrannchur Náisiúnta na hÉireann i 2011 agus, in ainneoin na tosca deacra eacnamaíochta leanúnacha, gur sholáthraíomar €231.9 milliún le dáileadh ag an Rialtas ar dhea-chúiseanna.

2011 was a significant year in the history of Ireland's National Lottery in that it marked the 25th year of winning for players and good causes throughout Ireland. What started as a relatively modest business in March 1987 with just one Scratch Card game and sales of €130 million has grown steadily to achieve total sales of over €12 billion over the first 25 years.

Importantly, the cumulative amount of money raised for good causes over that period was €3.9 billion, and €6.3 billion has been returned to Irish players in prizes. The overall return to the community, directly and indirectly, is a very significant 93% of sales demonstrating the strong benefit of Ireland's National Lottery initiative.

## 2011 Performance

National Lottery sales in 2011 were €761.4 million, representing a decrease of 1.4% compared to the previous year. This was achieved in a very challenging retail environment where the average decline in comparable spend was 5%.

Our players shared a total of €422.5 million in prizes, up from €419.9 million in 2010, resulting in a prize payout level of 55.5% of sales.

Lotto related draw games represented half of the National Lottery's overall turnover with sales of €379.1 million in 2011. This category included the Lotto sales of €282.2 million; Lotto Plus sales of €83.0 million and Lotto 5-4-3-2-1 sales of €13.9 million.

The launch of the additional Tuesday night draw and enhanced prize structure for EuroMillions provided a great stimulus to this game with sales increasing by 29% to €127.4 million in 2011. Sales of the associated EuroMillions Plus game also increased, growing from €33.2 million in 2010 to €43.0 million in the year under review.

Bliain shuntasach i stair Chrannchur Náisiúnta na hÉireann ba ea 2011 sa mhéid gur shlánaigh sé 25 bliain de bhuanna d'imreoirí agus do dhea chúiseanna araon ar fud na hÉireann. Bhí fás leanúnach faoin ngnó sách measartha a bunaíodh mí an Mhárta 1987, agus gan aige ach cluiche scríobchárta amháin le díolachán bliantúil de €130 milliún, agus tá díolachán de €12 billiún bainte amach aige sna 25 bliain tosaigh.

Rud tábhachtach is ea gur gnóthaíodh suim charnach de €3.9 billiún do dhea-chúiseanna le linn na tréimhse sin agus tugadh €6.3 billiún thar n ais d'imreoirí Éireannacha i bhfoirm dhuaiseanna. Bé an mór-thoradh gur cuireadh céatadán suntasach den díolachán – 93% - ar fáil don phobal. Léiriú é seo ar an leas mór a bhaineann le tionscnamh Chrannchur Náisiúnta na hÉireann.

## Feidhmiúchán 2011

Bhí díolachán de €761.4 milliún ar an gCrannchur Náisiúnta i 2011. Laghdú 1.4% é seo ar dhíolachán na bliana roimhe sin. Baineadh é seo amach in ainneoin an timpeallacht mhiondíola a bheith an-dhúshlánach agus laghdú 5% a bheith ar chaiteachas inchomparáide.

Roinneadh duaiseanna dar luach €422.5 milliún ar ár n imreoirí. Méadú é seo ó €419.9 milliún i 2010 a d'fhág leibhéal duais-íocaíochta de 55.5% den díolachán.

B'ionann cluichí a bhaineann le Lotto agus leath de láimhdeachas iomlán an Chrannchuir Náisiúnta le díolachán de €379.1 milliún i 2011. Áirítear sa chatagóir seo díolachán Lotto de €282.2 milliún; díolachán ar Lotto Plus de €83.0 milliún agus díolachán de €13.9 milliún ar Lotto 5-4-3-2-1.

Ba spreagadh mór é do EuroMillions seoladh an chrannchuir bhreise oíche Dé Máirt agus an duais-struchtúr feabhsaithe. Bhí méadú de 29% ar an díolachán go €127.4 milliún i 2011. Bhí méadú freisin ar dhíolachán an chluiche ghaolmhair, EuroMillions Plus agus d'fhás sé ó €33.2 milliún i 2010 go €43.0 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil.

## Our focus on business efficiency and cost management continued in 2011 and delivered a further reduction in total costs from €108.4 million in 2010 to €107.0 million in the year under review.

## Leanamar de bheith ag díriú ar éifeachtacht ghnó agus ar bhainistiú costas i 2011 agus bhaineamar amach laghdú breise ó €108.4 milliún i 2010 go dtí €107.0 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil.

Our Scratch Card game portfolio was invigorated during the year driving a successful performance of €158.4 million sales in 2011, up from €153.2 million. The introduction of an imaginative stream of new games, backed by a strong marketing campaign, was a key growth factor.

Sales of Monday Million and Monday Million Plus combined were €19.4 million compared to €20.6 million in 2010. The Monday Million game accounted for €13.8 million, with sales of Monday Million Plus up to €5.6 million from €3.7 million in its first full year of sales.

TellyBingo increased its popularity for the fourth consecutive year with a 16% increase in sales to €17.7 million in 2011, helped by the full year effect of the third weekly TV draw.

For 2011, we concentrated efforts on two seasonal limited edition Millionaire Raffle games for Easter and Christmas, achieving sales of €8.4 million in this game category.

All or Nothing, the National Lottery daily draw game achieved sales of €8.0 million during 2011.

Our online game sales increased by 63% to €6.1 million as this source of business continues to grow. We see potential for significant growth in this area through the ongoing development of the online product offering. However, we are conscious of continuing to do this in a socially responsible manner.

### *Operations*

Our focus on business efficiency and cost management continued in 2011 and delivered a further reduction in total costs from €108.4 million in 2010 to €107.0 million in the year under review.

The other cost of sales category, including agents' commissions of €47.1 million, was €84.6 million in 2011, down from €86.2 million in the previous year, while administrative costs at €19.7 million represented just 2.6% of total sales.

Tugadh spreagadh úr dár bpunann de chluichí Scríobchárta le linn na bliana rud a thiomáin ár bhfeidhmiúchán chun díolachán de €158.4 milliún a bhaint amach, ar méadú é ó €153.2 milliún. Ba ghné tábhachtach fáis é tabhairt isteach sruth samhlaíoch de chluichí nua agus feachtas láidir margaíochta ag tacú leis.

B'ionann díolachán Monday Millions agus Monday Millions Plus le chéile agus €19.4 milliún i gcomparáid le €20.6 milliún i 2010. Ba ó chrannchur Monday Millions a fuarthas €13.8 milliún de seo agus bhí méadú ar dhíolachán Monday Millions Plus go €5.6 milliún ó €3.7 milliún ina chéad bhliain iomlán díolaíochta.

Méadaíodh an t-éileamh ar TellyBingo don cheathrú bliain as a chéile agus díolachán de €17.7 milliún air i 2011, ar méadú é de 16%. Ba chabhair chuige seo é éifeacht an tríú chrannchuir sheachtainiúil le linn na bliana ar fad.

Le linn 2011 dhíríomar ár n-iarrachtaí ar dhá chluiche séasúrach, ar eagrán teoranta de Millionaire Raffle iad, um Cháisc is um Nollaig. Baineadh amach díolachán de €8.4 milliún sa chatagóir seo cluichí.

Bhain All or Nothing, an cluiche laethúil de chuid an Chrannchuir Náisiúnta, amach díolachán de €8.0 milliún le linn 2011.

Bhí méadú de 63% ar dhíolachán ar líne ár gcluichí go dtí €6.1 milliún agus leanann an foinse seo gnó de bheith ag fás. Feicimid féidearthachtaí suntasacha fáis sa réimse seo trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar sholáthar táirgí ar líne. Ag an am céanna, tuigimid gur chóir é seo a dhéanamh ar dhóigh atá freagrach go sóisialta.

### *Oibríochtaí*

Leanamar de bheith ag díriú ar éifeachtacht ghnó agus ar bhainistiú costas i 2011 agus bhaineamar amach laghdú breise ó €108.4 milliún i 2010 go dtí €107.0 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil.

Bhí costais de €84.6 milliún sa chatagóir eile díolacháin, ar a n-áirítear coimisiúin na ngníomhairí, le linn 2011. Laghdú é seo ó €86.2 milliún sa bhliain roimhe sin. Bhí costais riaracháin ann de €19.7 milliún, agus gan iontu ach 2.6% den díolachán iomlán.

The National Lottery management team and employees once again achieved an impressive increase in productivity with the addition of the new EuroMillions Tuesday draw to the existing game schedule. I would like to thank them for their hard work and continued commitment to the successful operation of the organisation during the year.

As chairman, I am grateful for the valuable support and advice I received from the National Lottery Board throughout 2011. In the course of the year Barbara Patton and James Hyland completed their terms of office and Michael Tyndall retired as company secretary. I would like to thank them all for their strong contribution to the organisation and welcome Jack Dempsey as the new company secretary.

Our shareholders, the Minister for Public Expenditure and Reform and An Post, continued to provide much appreciated direction and support for the continued development of the business.

As we celebrate the successful first 25 years of Ireland's National Lottery, we are mindful that the next licence process to operate the National Lottery is under review in 2012. I am confident that the unique success, experience and knowledge that reside in the organisation will play a valuable role in the next phase of Ireland's National Lottery. The strong brand equity, expert people and in-depth consumer understanding built up over 25 years place us in a unique position to participate in the continued generation of maximum funds for good causes in Ireland.

D'éirigh le foireann bainistíochta agus le fostaithe an Chrannchuir Náisiúnta feabhas suntasach ar tháirgiúlacht a bhaint amach trí chrannchur EuroMillions a chur leis an sceideal reatha cluichí le crannchur na Máirte. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a ndiansaothar agus a dtiomantas leanúnach d'fheidhmiú rathúil na heagraíochta le linn na bliana.

Mar chathaoirleach, táim buíoch as an tacaíocht agus an chomhairle luachmhar a fuair mé ó Bhord an Chrannchuir Náisiúnta le linn 2011 ar fad. Le linn na bliana chríochnaigh Barbara Patton agus James Hyland a dtéarmaí oifige agus d'imigh Michael Tyndall ar scor ó bheith ina rúnaí cuideachta. Ba dheas liom buíochas a ghabháil leo uile as a sárshaothar don eagraíocht agus fáiltiú roimh Jack Dempsey mar rúnaí cuideachta nua.

Lean ár scairshealbhóirí, an tAire Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe agus An Post de bheith ag soláthar treorach agus tacaíochta, a raibh mórmheas orthu, agus as an ngnó a fhorbairt go leanúnach.

Agus an chéad 25 bliain rathúil de Chrannchur Náisiúnta na hÉireann á cheiliúradh againn is maith a thuigimid go bhfuil an chéad phróiseas ceadúnais eile chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le bheith faoi chaibidil i 2012. Táim suite de go mbeidh ról luachmhar ag an rath eisceachtúil, maille leis an taithí agus an t-eolas atá san eagraíocht, sa chéad ré eile de shaol Chrannchur Náisiúnta na hÉireann. Fágann luach láidir an bhranda, daoine saineolacha agus tuiscint dhomhain ar na custaiméirí, a tógadh thar 25 bliain, i riocht ar leith sinn chun bheith bainteach le tuilleamh oiread airgid agus is féidir do dhea-chúiseanna in Éirinn.



**Donal Connell**
Chairman, 21 February, 2012
Cathaoirleach, 21 Feabhra, 2012

# Highlights of the year
# Buaicphointí na bliana

2011

National Lottery Annual Report 2011
Tuarascáil Bhliantúil an Chrannchuir Náisiúnta 2011

## January / Eanáir



The Brady Syndicate from Waterford city celebrate their Christmas Millionaire Raffle win of €1 million. The Christmas Millionaire Raffle draw was held in RTE on New Year's Eve, Friday 31 December, 2010.

Ceiliúrann Sindeacáit Mhuintir Bhrádaigh ó chathair Phort Láirge a mbua de €1 million i gCrannchur Milliúnaí na Nollag. Reáchtáladh crannchur Milliúnaí na Nollag i RTÉ Oíche na Seanbhliana, Dé hAoine, 30 Nollaig, 2010.

## February / Feabhra



Valentine's Day was a special time for all Lotto players in 2011, as our picture, featuring model Lynn Kelly, shows. All winners of the Match 5 plus Bonus Number prize in the Lotto, Lotto Plus 1 or Lotto Plus 2 games also won an extra €100,000 worth of diamonds. There were six winners of this specially enhanced Valentine's Day prize in 2011.

Lá ar leith d'imreoirí uile Lotto i 2011 ba ea Lá San Vailintín, mar a léiríonn ár bpictiúr ina bhfuil an mainicín, Lynn Kelly. Bhain buaiteoirí uile dhuais Match 5 plus Bonus Number i gcluichí Lotto, Lotto Plus 1 nó Lotto plus 2 duais bhreise de dhiamaint dar luach €100,000. Bhí seisear buaiteoir ann den duais mhéadaithe seo do Lá San Vailintín i 2011.

## March / Márta



Postman Pat Broderick, pictured with his wife Mary, won €7,018,618 in March 2011, half of a €14 million Lotto jackpot. A Cavan syndicate shared the other half of the jackpot.

Bhuaigh Fear Poist, Pat Broderick, sa phictiúr anseo lena bhean, Mary, €7,018,618 mí an Mhárta 2011, leath de phota óir Lotto de €14 milliún. Roinneadh an leath eile an phota óir ar shindeacáit ón gCabhán.

## April / Aibreán




Having fun at the 2011 Easter Millionaire Raffle draw were TV Gameshow Host Marty Whelan and National Lottery Chief Executive, Dermot Griffin. The draw was held in National Lottery offices on Easter Monday, 25 April, 2011. The winner of the €1 million prize purchased their ticket in Leavy's Centra store in Tullamore, Co. Offaly.

Óstach an tSeóchluiche Teilifíse Millionaire Raffle, Marty Whelan agus Príomhfheidhmeannach an Chrannchuir Náisiúnta, Dermot Griffin, agus iad ag baint spraoi as crannchur Easter Millionaire Raffle 2011. Reáchtáladh an crannchur in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta Luan Cásca, 25 Aibreán 2011. Cheannaigh buaiteoir na duaise de €1 milliún a thicéad i Leavy's Centra Store sa Tullach Mhór, Co. Uíbh Fháilí.

## May / Bealtaine




Specially for the National Lottery, Jedward launched the first ever EuroMillions Tuesday draw, including an enhanced prize structure, in May 2011. To celebrate, EuroMillions players in Ireland had the chance to win a guaranteed jackpot of €100 million.

Mí Bealtaine 2011 sheol Jedward an chéad chrannchur EuroMillions riamh ar an Máirt go speisialta don Chrannchur Náisiúnta, ar an áirítear struchtúr duaise feabhsaithe. Mar cheiliúradh, bhí deis ag imreoirí EuroMillions in Éirinn pota óir ráthaithe de €100 milliún a bhuachan.

## June / Meitheamh



The new season of the Big Money Game Scratch Card and TV Gameshow was launched in June. Top models Aoife Cogan and Sarah Morrissey were on hand with TV Gameshow Host Derek Mooney to celebrate the launch of the summer TV Gameshow.

Seoladh an séasúr nua de Scríobchárta is de Sheóchluiche Big Money mí an Mheithimh. Bhí na sár-mhainicíní Aoife Cogan agus Sarah Morrissey ar lámh le hÓstach an tSeóchluiche Teilifíse, Derek Mooney, chun seoladh an tSeóchluiche Teilifíse samhraidh a cheiliúradh.

## July / Iúil




To celebrate Galway Summer Festival Race Meeting, the Lotto draw was broadcast live from Galway's Eyre Square. This was the seventh time that the Lotto Draw was broadcast live outside of Dublin and the first ever Lotto outside broadcast to be held in Galway.

Craoladh an crannchur Lotto beo ón bhFaiche Mhór i nGaillimh chun Cruinniú Rásaíochta Fhéile Samhraidh na Gaillimhe a cheiliúradh.  Bé seo an seachtú uair a craoladh Crannchur an Lotto beo ó ionad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus an chéad craoladh seachtrach a rinneadh riamh i nGaillimh.

## August / Lúnasa




TV Gameshow Hosts Kathryn Thomas and Marty Whelan, celebrated the 21st Anniversary of the Winning Streak TV Gameshow. Launched in September 1990, Winning Streak is Europe's longest running TV Gameshow.

Cheiliúir na hóstaigh Sheóchluiche Teilifíse, Kathryn Thomas agus Marty Whelan, 25 bliain den Seóchluiche Teilifíse Winning Streak. Seoladh Winning Steak mí Mheán Fómhair 1990 agus tá sé anois ar an Seóchluiche Teilifíse is faide saoil san Eoraip.

## September / Meán Fómhair



The McIntyre family from Belmullet, Co. Mayo collected their Lotto jackpot win of €11,033,593 in September. The McIntyre's win ranks 11th in the list of largest Lotto jackpot wins since the game began in 1988. It is the largest Lotto win ever in Co. Mayo.

Bhailigh muintir Mhic an tSaoir ó Bhéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, a bpota óir Lotto de €11,033,593 mí Mheán Fómhair. Tá bua Muintir Mhic an tSaoir ar an 11ú pota óir Lotto is mó ó thosaigh an cluiche i 1988. Tá sé ar an mbua is mó riamh i gCo. Mhaigh Eo.

## October / Deireadh Fómhair



Lily Gallagher and family from Drogheda, Co. Louth collected their Lotto jackpot win of €5,178,377 in October.

Bhailigh Lily Gallagher agus a teaghlach ó Dhroichead Átha, Co. Lú, a bpota óir Lotto de €5,178,377 mí Dheireadh Fómhair.

## November / Samhain



The Hampers Sweets & Treats Scratch Card game was launched in November 2011. Christmas food hampers, gift vouchers and Butlers chocolates, as well as great cash prizes, made up the winning combination for this seasonal Scratch Card.

Seoladh an cluiche scríobchárta, Hampers Sweets & Treats, mí na Samhna 2011. Ar an teaglaim bhuachana don chluiche séasúrach scríobchárta seo bhí ciseáin Nollag, dearbháin mar fhéiríní, seacláidí Butlers chomh maith le duaiseanna iontacha airgid.

## December / Nollaig



Kathleen McLaughlin and her family from Redcastle, Co. Donegal collected their Lotto jackpot win of €2,642,046 in December.

Bhailigh Kathleen McLaughlin agus a teaghlach ó Charraig Mhic Uidhilín, Co. Dhún na nGall a bpota óir Lotto de €2,642,046 mí na Nollag.

# Review of Operations
# Athbhreithniú Oibríochta




The McIntyre family from Belmullet, Co. Mayo won €11,033,593 in September 2011. This was the single largest Lotto jackpot win in 2011.

Bhuaigh muintir Mhic an tSaoir ó Bhéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, €11,033,593 mí Mheán Fómhair 2011. Bé seo an bua pota óir Lotto ba mhó i 2011.



# Review of Operations
# Athbhreithniú Oibríochta

We are very pleased to have delivered another strong performance in 2011, with sales of €761.4 million compared to €772.0 million in the previous year. This represents a marginal drop of 1.4% which is considerably lower than the overall 5% decline in retail sales during the year.

Our key challenge during the year was to maintain players' interest and excitement in our games by continuously reviewing and developing our portfolio. In this regard, the main innovation in 2011 was the introduction of a new Tuesday night EuroMillions draw and an enhanced prize structure for this game.

Cúis mhór áthais dúinn a thuairisciú gur fheidhmíomar arís go láidir i 2011 le díolachán de €761.4 milliún againn i gcomparáid le €772.0 milliún sa bhliain roimhe sin. Titim imeallach é seo de 1.4% atá níos ísle go maith ná an titim iomlán de 5% ar dhíolachán miondíola le linn na bliana.

Bí an eochair-dhúshlán dúinne le linn na bliana ná spéis na n-imreoirí agus scleondar inár gcluichí a choinneáil trí shíor-athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar ár bpunann. Sa mhéid seo, bí an phríomh-nuálaíocht ná tabhairt isteach cluiche nua EuroMillions Dé Máirt maille le struchtúr duaise feabhsaithe don chluiche seo.

# Our Players
# Ár nImreoirí



**Sinead O'Neill, from Drumcondra, Dublin 9, won €48,000 on the National Lottery Big Money TV Gameshow in July 2011. The winning ticket was purchased in Centra, 34 Lower Drumcondra Road, Dublin 9.**

**Bhuaigh Sinead O'Neill, ó Dhroim Conrach, Baile Átha Cliath 9, €48,000 ar an Seóchluiche Teilifíse Big Money de chuid an Chrannchuir Náisiúnta mí Iúil 2011. Ceannaíodh an duais-ticéad i Centra, 34 Bóthar Dhroim Conrach Íochtarach, Baile Átha Cliath 9.**



John Edgeworth form Bantry, Co. Cork won €307,000 on the National Lottery Winning Streak TV Gameshow in October 2011. The winning ticket was purchased in Mace Convenience Express, Main Street, Bantry, Co. Cork.

Bhuaigh John Edgeworth ó Bheanntraí, Co. Chorcaí, €307,000 ar Sheóchluiche Teilifíse Winning Streak de chuid an Chrannchuir Náisiúnta mí Dheireadh Fómhair 2011. Ceannaíodh an duais-ticéad i Mace Convenience Express, An Phríomhshráid, Beanntraí, Co. Chorcaí.

**During the year 34.3 million winners of National Lottery games shared a total prize fund of €422.5 million.**

**Le linn na bliana roinneadh duais-chiste de €422.5 milliún ar 34.3 milliún buaiteoirí sa Chrannchur Náisiúnta.**

## *Players*

The National Lottery has a strong loyal player base with two thirds of all adults playing our games on a regular basis. Our research consistently shows that our players broadly reflect national demographics. 63% of males and 64% of females over 18 years play regularly and the rate of play on a regional basis is in line with the population distribution.

During the year, 34.3 million winners of National Lottery games shared a total prize fund of €422.5 million, up from €419.9 million in the previous year. This represents an average prize payout of 55.5%, the highest ever return, in a particularly lucky year for players.

During 2011, the National Lottery paid out over €1 million in winnings every day of the year to our players. While the larger jackpot wins tend to grab the newspaper headlines, it's worth noting that over 800 players won prizes of €10,000 or more.

## *Imreoirí*

Tá bun-díorma dílis imreoirí ag an gCrannchur Náisiúnta agus imríonn dhá thrian d'aosaigh ár gcluichí ar bhonn rialta. Léiríonn ár dtaighde go seasmhach go bhfuil ár n-imreoirí ionadach go maith don phobal náisiúnta. Imríonn 63% de na fir agus 64% de na mná go rialta agus tá an ráta imeartha ar bhonn réigiúnach ag teacht le dáileadh an daonra.

Le linn na bliana roinneadh duais-chiste de €422.5 milliún ar 34.3 milliún buaiteoirí sa Chrannchur Náisiúnta. Ardú é seo ó €419.9 milliún an bhliain roimhe. Is ionann é seo agus ráta íocaíochta ar dhuaiseanna de 55.5%, an t-aisíoc ba mhó riamh, agus bliain ádhúil ar leith do na himreoirí.

Le linn 2011, dhíol an Crannchur Náisiúnta amach €1 milliún mar dhuaiseanna lenár n imreoirí gach uile lá den bhliain. Siúd is gurb iad na potaí óir móra a mheallann na ceannlínte nuachtáin, ní miste a nótáil gur bhuaigh os cionn 800 n-imreoir duaiseanna ba mhó ná €10,000.

# Lotto Games
# Cluichí Lotto




J.P. and Adrienne Redmond from Arklow, Co. Wicklow won the Lotto Plus 2 top prize of €250,000 in January 2011. 22 lucky winners won Lotto Plus Two top prizes in 2011.

J.P. agus Adrienne Redmond ón Inbhear Mór, Co. Chill Mhantáin, a bhain barr-dhuais Lotto Plus 2 de €250,000 mí Eanáir 2011. Bhain 22 buaiteoir ádhúil barr-dhuaiseanna Lotto Plus Two le linn 2011.

## Sales of the Lotto game during the year were €282.2 million.

## Bhí díolachán de bhreis is €282.2 milliún ar an gcluiche Lotto le linn na bliana.

### *Lotto*

Lotto, Lotto Plus and Lotto 5-4-3-2-1 are our most popular games and continue to be our single biggest category representing 50% of total National Lottery sales in 2011.

Sales of the Lotto game during the year were €282.2 million compared to €322.2 million in 2010. The average rate of play per player positions our Lotto game as one of the highest in the world in terms of participation.

In the course of the year, there was a higher number of Lotto jackpot wins than statistically expected resulting in a lower number of rolls which had an impact on sales. In addition, with the introduction of the Tuesday night EuroMillions draw as part of our policy to expand the overall portfolio of games on offer, there was naturally some level of migration of players from the Wednesday Lotto draw.

We were delighted to see players winning more on Lotto during the year, as the jackpot was won more frequently than statistically expected. The return to players was 52% on Lotto with a total of €146.8 million won in prizes in 2011.

During the year we had 25 jackpot wins, and 23 players became millionaires. The size of individual jackpots was somewhat lower than usual, at an average of €4.1 million, 12.8% below the comparable figure of €4.7 million in 2010. There were two jackpots over €10 million during 2011.

The biggest single Lotto jackpot win of the year was €11 million won by the McIntyre family from Belmullet, Co. Mayo in September. Their lucky €4 Quick Pick ticket was purchased in Eurospar, Tallagh Road, Belmullet.

### *Lotto*

Is iad Lotto, Lotto Plus agus Lotto 5-4-3-2-1 ár gcluichí is mó éilimh. Leanann siad de bheith ar an gcatagóir is mó dár gcuid agus b'ionann iad agus 50% de dhíolachán iomlán an Chrannchuir Náisiúnta i 2011.

Bhí díolachán de €282.2 milliún ar an gcluiche Lotto le linn na bliana i gcomparáid le €322.2 milliún i 2010. Fágann an meán-ráta imeartha in aghaidh an imreora ár gcluiche Lotto ar chuid de na cinn is airde rannpháirtíochta ar domhan.

Le linn na bliana buadh níos mó potaí óir ná mar a bheifí as súil leis ó thaobh staitistice de, rud a d'fhág go raibh níos lú rothlú thart ann agus éifeacht dá réir aige ar dhíolachán. Anuas air sin, le tabhairt isteach chrannchur EuroMillions oíche De Máirt, ar chuid é dár bpolasaí chun punann iomlán ár gcluichí a mhéadú, bhog méid áirithe imreoirí ó chrannchur Lotto na Céadaoin.

Bhí ríméad orainn imreoirí Lotto a fheiceáil ag buachan níos mó ar Lotto le linn na bliana nuair a buadh an pota óir níos minice ná mar a bheifí ag coinne leis ó thaobh staitistice de. Bhí aischur de 52% do na himreoirí ar Lotto agus íocadh amach €146.8 milliún ina nduaiseanna le linn 2011.

Le linn na bliana bhí 25 bua de photaí óir agus rinneadh milliúnaithe de 23 imreoir. Bhí meán-mhéid na bpotaí óir aonaracha ábhairín níos lú ná mar is gnách, le meán-fhigiúr de €4.1 milliún. Bhí sé seo 12.8% níos ísle ná an meán-fhigiúr de €4.7 milliún i 2010. Bhí dhá phota óir ann i 2011 ar mhó iad ná €10 milliún.

Bhí €11 milliún sa phota óir ba mhó a buadh le linn na bliana agus b'iad muintir Mhic an tSaoir ó Bhéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, a bhain é. Ba i Eurospar, Bóthar na Talaí, Béal an Mhuirthead, a cheannaigh siad a dticéad Quick Pick ádhúil ar €4.



***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **2007**



The **Cunningham family** from Cork won their €16,185,749 Lotto jackpot on Saturday 28 July, 2007. This was the largest Lotto jackpot ever played for in Ireland up to that point. The jackpot began its roll on 20 June, 2007 and reached its 12th draw six weeks later before the Cunninghams won their prize with a €4 Quickpick ticket. In the course of this jackpot roll, a record €20 million was raised for National Lottery good causes.

Bhuaigh **muintir Cunningham** ó Chorcaigh €16,185,749 i bpota óir an Lotto Dé Sathairn, 28 Iúil, 2007. B'in an pota óir ba mhó riamh in Éirinn suas go dtí an t-am úd. Thosaigh an pota óir an rolladh leis ar 20 Meitheamh, 2007 agus shroich sé a 12ú crannchur sé sheachtain dá éis sular rug muintir Cunningham a nduais leo le ticéad €4 Quickpick. Le linn rolladh seo an phota óir gnóthaíodh cur-fhigiúr de €20 milliún do dhea-chúiseanna an Chrannchuir Náisiúnta.



A group of 15 colleagues from ITW MIMA, Waterford celebrate their EuroMillions Plus win of €500,000 in May 2011. The winning ticket was purchased in The Corner Shop, Upper Yellow Road, Waterford City.

Grúpa de 15 comhghleacaí ó ITW MIMA, Port Láirge, agus a mbua Plus de €500,000 i EuroMillions mí Bealtaine 2011 á gceiliúradh acu. Ba sa Corner Shop, An Bóthar Buí Uachtarach, i gcathair Phort Láirge a ceannaíodh an duais-ticéad.

**Throughout the year we continued our approach of keeping the Lotto game exciting for players with jackpot top-ups and various promotions.**

**Le linn na bliana leanamar d'ár gcur chuig an Lotto a choinneáil chomh spreagúil agus ab fhéidir d'imreoirí trí photaí óir a bhreisiú agus le promóisin éagsúla.**

Earlier in the year, a €14 million jackpot was shared by Postman Pat Broderick from Kinsale, Co Cork and a Cavan syndicate. There was another big win in October when the Gallagher family from Moneymore, Drogheda collected their €5 million win.

This was followed in December, by a further Lotto jackpot win in the North West. This time it was the McLaughlin family from Moville, Co Donegal who collected €2.6 million.

During 2011 there were 148 winners of the substantial Match 5 plus bonus prize.

Throughout the year, we continued our approach of keeping the Lotto game exciting for players with jackpot top-ups and various promotions. Starting with Valentine's Day when six Match 5 plus bonus winners also won €100,000 worth of diamonds each, we added €1 million to the jackpot on Saturday 19 March for St Patrick's weekend and again on Saturday 30 April for the May bank holiday weekend.

On Wednesday 27 July, the winner of the top jackpot prize had the additional attraction of a Jaguar XK convertible worth €150,000. The Lotto draw was broadcast live from Eyre Square, Galway that evening with this magnificent car on display. Our Jaguar car went to the owner of a ticket sold in Borris, Co Carlow who also drove away with a cheque for €4.4 million.

Christmas 2011 came early for Lotto players with €1 million extra added to the draw on Saturday 17 December. The jackpot of close to €5 million was won with a ticket sold in Centra, Newport, Co Tipperary. For our special

Níos luaithe sa bhliain roinneadh pota óir de €14 milliún ar fhear poist, Pat Broderick, ó Chionn tSáile, Co. Chorcaí, agus sindeacáit sa Chabhán. Bhí bua mór eile ann mí Dheireadh Fómhair nuair a bhailigh muintir Ghallchóir ó Mhuine Mór, Droichead Átha, a nduais de €5 milliún.

Mar leanúint air sin, bhí bua pota óir Lotto eile ann mí na Nollag san Iarthuaisceart. An uair seo, b'iad muintir Mhic Lochlainn ó Bhun an Phobail, Co. Dhún na nGall, a bhailigh €2.6 milliún.

Le linn 2011 bhí 148 buaiteoir ann den duais bhónais shubstaintiúil Match 5 Plus.

Le linn na bliana leanamar d'ár gcur chuig an Lotto a choinneáil chomh spreagúil agus ab fhéidir d'imreoirí trí photaí óir a bhreisiú agus le promóisin éagsúla. Ag tosú dúinn Lá le Vailintín nuair a fuair gach duine de sheisear buaiteoir Match 5 Plus Bonus luach €100,000 de dhiamaint, chuireamar €1 milliún leis an bpota óir Dé Sathairn, 19 Márta, do dheireadh seachtaine na Féile Pádraig agus arís Dé Sathairn, 30 Aibreán, do dheireadh seachtaine na Bealtaine.

Dé Céadaoin, 27 Iúil, fuair buaiteoir an phota óir ab airde Jaguar XK inathraithe, arbh fhiú €150,000 é, mar mhealladh breise. Craoladh an crannchur Lotto beo ón bhFaiche Mhór, Gaillimh, an tráthnóna sin agus bhí an carr tarraingteach seo ar taispeáint. Ba shealbhóir ticéid a díoladh i mBuiríos, Co. Cheatharlach, a bhain an gluaisteán Jaguar agus thiomáin sé leis le seic ar €4.4 milliún chomh maith.

Tháinig an Nollaig go luath d'imreoirí Lotto nuair a cuireadh €1 milliún breise leis an gcrannchur Dé Sathairn, 17 Nollaig. Ba thicéad a díoladh i Centra, An Port Nua, Co. Thiobraid Árann, a bhain an pota óir de nach mór €5 milliún. Rinneamar breisiú trí €1 milliún eile a chur leis an €2 milliún a bhí ann



The Youghal Enterprise syndicate won €25,001 when they matched 5 numbers plus the bonus number in the Lotto draw in August 2011.

Bhuaigh sindeacáit Youghal Enterprise duais de €25,001 i gcrannchur Lotto mí Lúnasa 2011 nuair a mheaitseáil siad 5 uimhir móide an uimhir bhónais.

Christmas Eve draw, we topped up the existing €2 million jackpot with an additional € 1 million. After a number of rolls, the jackpot of €4.1 million was won on New Year's Eve with a ticket bought in Chawkes, Castletroy, Limerick.

Throughout the year, the live Lotto draws on Wednesday and Saturday nights were among the highest viewed programmes on RTE TV, regularly achieving over 400,000 viewers per night. The draws were also available on RTE Player.

## Lotto Plus

88% of all Lotto players now opt to play Lotto Plus giving them two additional chances to win on top of their regular jackpot play. This game generated sales of €83.0 million in 2011.

During the year, the total Lotto Plus prize fund was €39.6 million. There were 13 winners of the top Lotto Plus 1 €350,000 prize, while 22 lucky winners claimed the €250,000 top prize on Lotto Plus 2. A further 129 players won Match 5 plus bonus prizes on Lotto Plus 1 and 114 players won similar prizes on Lotto Plus 2.

Lotto Plus players shared in the Valentine's Day promotion on 12 February whereby €100,000 worth of diamonds was added to Match 5 Plus bonus wins. A total of four lucky winners won this special prize – one on the Lotto Plus 1 game and the other three on the Lotto Plus 2 game.

## Lotto 5-4-3-2-1

Sales of Lotto 5-4-3-2-1 were similar to the previous year at €13.9 million, compared to €14.1 million.

The high prize payout level of 67% continued to attract players who shared a total of €9.3 million during the year.

An interesting new game promotion during the year was a commitment to double all prizes on Lotto 5-4-3-2-1 and Lotto 5-4-3-2-1 Plus games if the number 7 was drawn. This started at the end of February and was repeated in May, September and November. Each time the promotion continued until the number 7 was drawn. This novel concept greatly appealed to players who won an additional €454,470 as a result of the promotion.

cheana féin d'ár gcrannchur speisialta Oíche Nollag. I ndiaidh roinnt rollta buadh an pota óir de €4.1 milliún Oíche na Seanbhliana le ticéad a ceannaíodh i Chawkes, Caladh an Treoigh, Luimneach.

Le linn na bliana bhí crannchuir bheo Lotto oíche Dé Céadaoin agus oíche Dé Sathairn ar na cláir ab airde lucht féachana ar theilifís RTÉ agus ba mhinic a bhí lucht féachana de bhreis is 400,000 duine acu. Bhí fáil freisin ar na cláir ar RTÉ Player.

## Lotto Plus

Glacann 88% d'imreoirí Lotto leis an rogha Lotto Plus a imirt, rud a thugann dhá sheans buachana breise dóibh anuas ar a ngnáth-sheans ar an bpota óir. Ghnóthaigh an cluiche seo díolachán de €83.0 milliún i 2011.

Le linn na bliana bhí duais-chiste iomlán ag Lotto Plus de €39.6 milliún. Bhuaigh 13 duine an barr-dhuais de €350,000 i Lotto Plus 1 agus bhain 22 buaiteoir ádhúil an barr-duais de €250,000 i Lotto Plus 2. Bhuaigh 129 imreoir eile duaiseanna bónais i Match 5 Plus i Lotto Plus 1 agus bhain 114 imreoir duaiseanna den chineál céanna i Lotto Plus 2.

Bhí a gcuid fhéin ag buaiteoirí Lotto Plus i bpromóisean Lá le Vailintín nuair a cuireadh luach €100,000 de dhiamaint le buanna Match 5 Plus Bonus. Bhain ceathrar buaiteoir ádhúil an duais speisialta seo – duine díobh le cluiche Lotto Plus 1 agus an triúr eile le cluiche Lotto Plus 2.

## Lotto 5-4-3-2-1

Ba chosúil díolachán Lotto 5-4-3-2-1, arbh fhiú €13.9 milliún é, le díolachán na bliana roimhe mar a raibh €14.1 milliún.

Lean an ráta ard duais-íocaíochta de 67% de bheith ag mealladh imreoirí. Roinneadh €9.3 milliún orthu le linn na bliana.

Promóisean spéisiúil nua cluichíochta le linn na bliana ba ea an gealltanas aon duais i gcluichí Lotto 5-4-3-2-1 nó Lotto 5-4-3-2-1 Plus a dhúbailt dá dtarraingeofaí amach uimhir 7. Tosaíodh air seo ag deireadh mhí Feabhra agus rinneadh arís é mí Bealtaine, mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna. Leanadh leis an bpromóisean gach uair go dtí gur tarraingíodh amach uimhir 7. Mheall an coincheap nuálaíoch seo imreoirí agus fuaireadar €454,470 breise a bhuíochas don phromóisean.




Model Louise Johnson and actor Johnny Murphy highlight the biggest ever EuroMillions jackpot of €185 million before the draw on 8 July, 2011. The eventual winners were Colin and Christine Weir from Ayrshire in Scotland.

Aibhsíonn an mainicín, Louise Johnson, agus an t aisteoir, Johnny Murphy, an pota óir ba mhó riamh i EuroMillions - €185 milliún – roimh an crannchur ar 8 Iúil, 2011. B'iad Colin agus Christine Weir ó Ayrshire in Albain a bhain an duais ag deireadh.

## The biggest Irish based EuroMillions win during the year was a €4,576,071 Match 5 plus 1 Lucky Star ticket sold in Dublin in July.

## Ba thicéad don chluiche Match 5 plus 1 Lucky Star, a díoladh i mBaile Átha Cliath mí Iúil agus a bhain €4,576,071, an bua Éireannach ba mhó le linn na bliana.

### *EuroMillions*

The introduction of a second weekly draw on Tuesday nights and the enhanced game structure gave a great boost to this game in 2011 with EuroMillions sales reaching €127.4 million in Ireland, up 29% from €98.6 million in the previous year.

The new draw and prize offering was launched on Tuesday 10 May, with a guaranteed €100 million Superdraw jackpot. This created great excitement across the nine European countries where EuroMillions is played. Again on 4 October, a €100 million Superdraw jackpot was a feature of the Tuesday night draw.

During 2011, the winning ticket for the biggest ever EuroMillions prize of €185 million was sold in the UK and was won by a lucky Scottish couple on Friday 8 July, when Colin and Christine Weir from Largs in Ayrshire collected this massive prize live on TV.

Sales of the associated EuroMillions Plus game also increased significantly, up 30% to €43.0 million from €33.2 million in 2010. In addition to the positive impact of changes to the main draw, a further growth factor here was the increase in the take up of the EuroMillions Plus game which grew to 67% of all EuroMillions players during the year.

The enhanced EuroMillions game was successfully supported by a strong marketing programme, including a new advertising campaign featuring the popular granny Peggy and her prize winning dreams. The high profile TV

### *EuroMillions*

Treisíodh an cluiche seo go mór i 2011 nuair a tosaíodh an dara crannchur seachtainiúil oíche Dé Máirt agus nuair a feabhsaíodh an duais struchtúr. Bhí díolachán de €127.4 milliún in Éirinn ar EuroMillions – ardú de 29% ar €98.6 milliún sa bhliain roimhe.

Seoladh an crannchur úr, maille leis na duaiseanna a bhí curtha ar fáil, Dé Máirt, 10 Bealtaine, agus pota óir Superdraw de €100 milliún geallta. Bhí carabuaic mhór i naoi dtír Eorpach mara imrítear EuroMillions. Arís eile, ar 4 Deireadh Fómhair, ba ghné é de chrannchur na Máirt pota óir Superdraw de €100 milliún.

Arís eile i 2011, díoladh an ticéad don duais EuroMillions ba mhó riamh - €185 milliún – sa Ríocht Aontaithe. Lánúin ádhúil Albanach, Colin agus Christine Weir ó Largs in Ayrshire a bhailigh an duais ollmhór seo beo ar an teilifís Dé hAoine, 8 Iúil.

Bhí méadú suntasach freisin ar dhíolachán an chluiche ghaolmhair, EuroMillions Plus – méadú 30% go €43.0 milliún ó €33.2 milliún i 2010. Chun cur le feidhm na n athruithe ar an bpríomhchluiche, ba chúis fáis é chomh maith an méadú ar an éileamh ar chluiche EuroMillions Plus a d'fhás go dtí 67% d'imreoirí EuroMillions le linn na bliana.

Tacaíodh leis an gcluiche feabhsaithe EuroMillions trí chlár láidir margaíochta, ar a raibh feachtas nua fógraíochta agus an tseanmháthair ghnaíúil, Peggy, gona haislingí faoi dhuais a bhuachan, mar ghné de. Chuir an

coverage of the draws after the Late Late Show on RTE One on Friday nights and on RTE Two on Tuesday nights contributed to the ongoing increase in awareness of the game.

Irish EuroMillions players shared a total of €63.7 million in 2011, together with a further €23.3 million on the EuroMillions Plus game which is exclusively available in Ireland.

The biggest Irish based EuroMillions win during the year was a €4,576,071 Match 5 plus 1 Lucky Star ticket sold in Dublin in July. One week later, and also in Dublin, a couple won a Match 5 plus 1 Lucky Star prize worth €2.4 million. During the year, 11 Irish players missed the multi-million jackpot by just one number but were rewarded with their Match 5 plus 1 prizes averaging €1.4 million.

Throughout the year, there were 13 winners of the top €500,000 EuroMillions Plus prize and over 100,000 cash prize winners per week across the two draws.

The number of regular EuroMillions players playing the Tuesday night draw as well as the Friday draw well exceeded expectations by the year end and we expect this figure to continue to increase as awareness of the Tuesday draw builds.

Importantly for Irish EuroMillions players and beneficiaries, similar to Lotto, one third of every euro spent on EuroMillions games goes directly to good causes in Ireland. This means that in 2011 over €50 million was returned to the Irish community, thanks to our EuroMillions players.

clúdach teilifíse ard-phróifíle ar RTÉ 1 i ndiaidh an Late Late Show oíche Dé hAoine agus ar RTÉ 2 oíche Dé Mairt leis an méadú leanúnach eolais ar an gcluiche.

Roinneadh iomlán de €63.7 milliún i 2011 ar imreoirí Éireannacha EuroMillions anuas ar €23.3 milliún i gcluiche Euromillions Plus, a bhfuil fáil air in Éirinn amháin.

Ba thicéad don chluiche Match 5 plus 1 Lucky Star, a díoladh i mBaile Átha Cliath mí Iúil agus a bhain €4,576,071, an bua Éireannach ba mhó le linn na bliana. Seachtain ina dhiaidh sin, agus arís i mBaile Átha Cliath, bhuaigh lánúin duais Match 5 plus 1 Lucky Star dar luach €2.4 milliún. Le linn na bliana theip ar 11 imreoir Éireannach an pota óir ilmhilliúnaí a bhuachan toisc iad a bheith uimhir amháin gann ach fuaireadar duaiseanna Match 5 plus 1 le meán-fhigiúr de €1.4 milliún.

Le linn na bliana bhain 13 buaiteoir an barr-dhuais EuroMillions Plus de €500,000 agus buadh 100,000 duaiseanna airgid in aghaidh na seachtaine sa dá chrannchur.

Sháraigh líon na n imreoirí rialta i EuroMillions a d'imir oíche Dé Máirt chomh maith le oíche Dé hAoine an líon a rabhamar ag súil leis agus táimid ag súil go leanfaidh an líon de bheith ag méadú de réir mar a leathnaíonn eolas ar chrannchur na Máirt.

Rud atá tábhachtach d'imreoirí Éireannacha EuroMillions agus do thairbhithe araon, dála Lotto, caitear trian de gach euro a chaitear ar chluichí EuroMillions ar dhea-chúiseanna in Éirinn. Ciallaíonn sé seo gur tugadh thar n ais os cionn €50 milliún don phobal Éireannach, a bhuíochas d'imreoirí EuroMillions.

EuroMillions

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **2005**




**Ms. Dolores McNamara** from Limerick won over €115 million in the EuroMillions game in July 2005. This was the largest EuroMillions win in Europe at that time, and Ms. McNamara continues to be the largest ever EuroMillions winner in Ireland.

Bhuaigh **Dolores McNamara** ó Luimneach breis is €115 milliún i gcluiche EuroMillions mí Iúil 2005. Bí seo an duais ba mhó EuroMillions san Eoraip ag an am agus leanann Dolores McNamara de bheith ar an mbuaiteoir EuroMillions is mó in Éirinn.

# Scratch Card Games
# Cluichí Scríobchárta



Marty Whelan and Kathryn Thomas celebrate the Winning Streak TV Gameshow's 21st Birthday in August 2011. Winning Streak is now acknowledged as the longest running and richest TV Gameshow in Europe.

Ceiliúrann Marty Whelan agus Kathryn Thomas 21 bliain den Seóchluiche Teilifíse Winning Streak mí Lúnasa 2011. Aithnítear anois gurb é Winning Streak an Seóchluiche Teilifíse is faide saoil agus is mó airgid san Eoraip.

## In 2011 Scratch Card players shared €106.4 million in prizes representing a 67% payout level.

## I 2011 roinneadh €106.4 milliún mar dhuaiseanna ar imreoirí scríobchartaí arbh ionann é agus leibhéal íocaíochta de 67%.

### Scratch Card Games

Scratch Card Games are the longest running game format within the National Lottery portfolio and I am delighted to report that in 2011, the 25th year of this successful product, sales increased to €158.4 million up from €153.2 million in 2010.

This success can be attributed to the attractive range of games on offer to players, supported by a new advertising campaign and strong in-store activity. We review Scratch Card themes, prizes and prices on an ongoing basis to optimise sales of this popular game category.

In 2011, Scratch Card players shared €106.4 million in prizes representing a 67% payout level. This higher level of return and a greater chance of winning a large number of prizes greatly appeals to our players, as does the unique suitability of Scratch Cards for gifting occasions.

As part of the innovation strategy for Scratch Cards, we launched 23 exciting new games in 2011 including Cluedo, Money Bunny and Hampers, Sweets & Treats where we were pleased to partner with Irish chocolate company, Butlers. Popular games such as All Cash, Bingo and Congratulations continued alongside the newer additions to the portfolio, whilst our Christmas Treasure card again proved very popular with players.

In keeping with our approach of offering a wide choice to our Scratch Card players, our ticket prices ranged from €1 to €10, depending on the card and the occasion.

### Cluichí Scríobchárta

Tá Cluichí Scríobchárta ar an bhformáid chluiche is faide atá ar bun taobh istigh de phunann an Chrannchuir Náisiúnta, agus is áthas liom a thuairisciú gur tháinig méadú faoin díolachán ó €153.2 milliún i 2010 go dtí €158.4 milliún le linn na bliana seo – an 25ú bliain den táirge rathúil seo.

Bé an raon mealltach cluichí atá ar fáil d'imreoirí, maille le feachtas nua fógraíochta agus scodal láidir sna siopaí féin ba chúis leis an toradh áitheasach seo. Athbhreithnímid ar bhonn leanúnach téamaí na scríobchártaí, na duaiseanna agus na praghsanna chun an díolachán is fearr ar féidir a bhaint amach sa chatagóir mealltach cluichí.

I 2011 roinneadh €106.4 milliún mar dhuaiseanna ar imreoirí scríobchartaí arbh ionann é agus leibhéal íocaíochta de 67%. Meallann an leibhéal ard seo aisíocaíochta agus an deis chun raon leathan duaiseanna a bhuachan ár n–imreoirí. Mealladh eile is ea oiriúnacht na scríobchártaí le tabhairt mar fhéiríní.

Mar chuid den straitéis nuálaíochta do scríobchártaí lainseálamar 23 cluiche corraitheach nua i 2011 ar a n áirítear Cluedo, Money Bunny agus Hampers, Sweets & Treats – lena ndeachamar i bpáirtíocht leis an gcomhlacht Éireannach seacláide, Butlers. Leanadh leis na cluichí mór éilimh dála All Cash, Bingo agus Congratulations taobh leis na cinn nua inár bpunann. Bhí an éileamh arís ag na himreoirí ar ár gcárta Christmas Treasure

Chun teacht lenár gcur chuige raon leathan roghanna a thairiscint d'ár n imreoirí scríobchártaí, bhí costas idir €1 agus €10 ar na ticéid, ag brath ar an gcárta agus ar an ócáid.

Scratch Card Games
Cluichí Scríobchárta

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **1987**



The **first ever National Lottery Grand Prize Game** took place live on the Late Late Show in 1987. From then until the Winning Streak TV Gameshow began in September 1990, the National Lottery's Grand Prize Game took place every Friday afternoon in the Royal Hospital Kilmainham, Dublin 8.

Watched by their families and friends, five lucky players spun the Grand Prize Wheel each week to win cash prizes of up to £250,000 (€317,434).

Bhí an **chéad chrannchur don Chluiche Grand Prize** beo ar an Late Late Show i 1987. As sin suas go dtí gur thosaigh Seóchluiche Teilifíse Winning Streak mí Mheán Fómhair 1990, reáchtáladh Seóchluiche Teilifíse Grand Prize an Chrannchuir Náisiúnta gach iarnóin Aoine sa Bhrú Ríoga, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

Agus a muintir fhéin is a gcairde ag breathnú orthu, chasadh cúigear imreoir ádhúil an Roth Grand Prize gach seachtain chun duaiseanna suas le £250,000 (€317,434) a bhuachan.

# TV Gameshows
# Seochluichí Teilifíse




Breda Byrne from Hacketstown, Co. Carlow won €288,000 on the Big Money Game TV Gameshow in June 2011. The winning ticket was purchased in Byrnes Supervalu, Main Street, Hacketstown, Co. Carlow.

Bhuaigh Breda Byrne ó Bhaile Haicéid, Co. Cheatharlach, €288,000 ar an Seóchluiche Teilifíse Big Money Game mí an Mheithimh 2011. Ceannaíodh an duais-ticéad i Byrnes Supervalu, An Phríomhshráid, Baile Haicéid, Co. Cheatharlach.

## Winning Streak celebrated 21 years as Europe's richest TV Gameshow by giving back almost €10 million to 234 players in 2011.

## Shlánaigh Winning Streak 21 bliain mar an seóchluiche teilifíse is mó airgid trí bhreis is €10 milliún a aisíoc le 234 imreoir i 2011.

### *TV Gameshows*

Winning Streak celebrated 21 years as Europe's richest TV Gameshow by giving back almost €10 million to 234 players in 2011.

Con McSweeney from Mahon, Cork was the biggest winner collecting a massive €554,000 during the show on Saturday 26 February, when he spun the Grand Prize Wheel and landed on the magic €500,000 segment. During the year, the second largest prize of €250,000 was also won by a Cork player when John Edgeworth from Bantry, Co Cork had a lucky spin of the wheel, netting a total prize of €307,000 on the night.

The Big Money Gameshow lived up to its name paying out €3.1 million in cash prizes during the summer months, along with 55 holidays and 20 cars to the 65 participants on this gameshow. The biggest winner was Breeda Byrne from Hacketstown, Co Carlow who won €288,000 on the night of 18 June.

A popular feature of the Big Money game involved a group of 78 lucky people travelling on a VIP trip to New York in October with celebrities Brian Ormond and Pippa O'Connor. These were the 39 lucky winners of the stub feature on the game together with their guests. To add to the excitement, each winner also received €2,500 spending money for the New York trip.

### *Seóchluichí Teilifíse*

Shlánaigh Winning Streak 21 bliain mar an seóchluiche teilifíse is mó airgid trí bhreis is €10 milliún a aisíoc le 234 imreoir i 2011.

Bé Con McSweeney ó Mhachain i gCorcaigh an buaiteoir ba mhó agus bhain sé suim ollmhór de €554,000 le linn an tseó Dé Sathairn, 26 Feabhra, nuair a chas sé an Roth Mór Duaiseanna agus landáil sé ar theascán draíochta an €500,000. Imreoir Corcaíoch eile, John Edgeworth ó Bheanntraí, Co. Chorcaí, a bhuaigh an dara duais ba mhó le linn na bliana, €250,000, nuair a bhain sé casadh ádhúil as an roth. Ghnóthaigh sé duaiseanna dar luach €307,000 ina n iomláine an oíche úd.

Thuill an Big Money Gameshow a ainm trí €3.1 milliún de dhuaiseanna airgid a dhíol amach le 65 rannpháirtí sa seóchluiche le linn míonna an tsamhraidh, maille le 55 saoire agus 20 gluaisteán. Bí Breeda Byrne ó Bhaile Haicéid, Co. Cheatharlach, an buaiteoir ba mhó. Bhuaigh sí €288,000 oíche an 18 Mheithimh.

Bhain sainghné mór-éilimh den chluiche Big Money le grúpa de 78 duine ádhúil a chuaigh ar turas VIP go Nua-Eabhrach leis na celiúráin, Brian Ormond agus Pippa O'Connor. B'iad seo 39 buaiteoir ádhúil snab-ghné an chluiche maille lena bpáirtithe. Chun cur leis an bhfosaoid fuair gach buaiteoir €2,500 le caitheamh ar an turas go Nua-Eabhrach.

TV Gameshows
Seochluichí Teilifíse

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** ***1995***




In 1995, Sligo's **Breege Carrabine** became the first ever TV Gameshow Millionaire in Europe, thanks to the National Lottery. Ms. Carrabine won her £1,000,000 (€1,269,738) prize on the Millionaire TV Gameshow in RTE, Dublin 4.

I 1995, rinneadh an chéad Mhilliúnaí Sheóchluiche Teilifíse san Eoraip de **Breege Carrabine** ó Shligeach, a bhuíochas leis an gCrannchur Náisiúnta. Bhain Breege Carrabine a duais de £1,000,000 (€1,269,738) ar Sheóchluiche Teilifíse Millionaire in RTÉ, Baile Átha Cliath 4.




Declan Buckley presents the National Lottery TV Gameshow, TellyBingo, on RTE. This TV Gameshow is now broadcast three times weekly and sales increased by 16% in 2011.

Cuireann Declan Buckley Seóchluiche Teilifíse, TellyBingo,de chuid an Chrannchuir Náisiúnta i láthair ar RTÉ. Craoltar an Seóchluiche Teilifíse seo trí uair sa tseachtain agus bhí méadú 16% ar a dhíolachán i 2011.

**TellyBingo was another of our successes in 2011, demonstrating a 16% growth in sales to €17.7 million.**

**Bhí ráchairt chomh maith ar TellyBingo le linn 2011 agus bhí ardú 16% ar an díolachán go dtí €17.7 milliún**

## *TellyBingo*

TellyBingo was another of our successes in 2011, demonstrating a 16% growth in sales to €17.7 million. This was up from €15.3 million in the previous year and illustrates the continued popularity of this engaging TV home bingo game. The full year effect of the additional Thursday draw introduced in 2010 had a positive impact on sales.

A generous €13.3 million prize pool was shared among players who won a large number of prizes throughout the year. There were 899 Full House winners and 33 Snowball winners, the largest of which was a €85,000 winner of a ticket sold in Galway in September.

Various special promotions during the year added excitement for players. In March and October, the TellyBingo Lucky Line prize was doubled to €10. There were also prize promotions in August and November when the Corners prize was doubled.

## *TellyBingo*

Bhí ráchairt chomh maith ar TellyBingo le linn 2011 agus bhí ardú 16% ar an díolachán go dtí €17.7 milliún. B'ardú é seo ó €15.3 milliún an bhliain roimhe sin agus léiríonn sé an tóir leanúnach ar an seó mealltach bingo baile teilifíse seo. Bhí éifeacht chrannchur breise an Déardaoin, a tosaíodh i 2110, le feiceáil ar dhíolachán na bliana iomláine

Roinneadh duais-chiste flaithiúil de €13.3 milliún ar imreoirí a bhuaigh líon mór duaiseanna le linn na bliana. Bhí 899 buaiteoir Full House ann maille le 33 buaiteoir Snowball. Ba bhuaiteoir thicéid a díoladh i nGaillimh mí Mheán Fómhair a bhain an duais ba mhó de €85,000.

Chuir promóisin speisialta éagsúla le linn na bliana leis an gcorraitheacht d'imreoirí. Mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair dúblaíodh an duais Lucky Line i TellyBingo go €10. Bhí promóisin duaise ann freisin mí Lúnasa agus mí na Samhna nuair a dúblaíodh duais Corners.



The Monday Million TV advertisement shows the sunny lifestyle money can buy when players win the top prize of €1,000,000.

Taispeánann an fógra teilifíse do Monday Million an cineál stíl mhaireachtála grianmhar go dtig le himreoirí a cheannach nuair a bhaineann siad an bharr-dhuais de €1,000,000.

## Monday Million

Sales of Monday Million and Monday Million Plus games were €19.4 million in 2011 down marginally from €20.6 million in the previous year. The first full year of Monday Million Plus contributed €5.6 million, while sales of the Monday Million game were €13.8 million.

In total, prizes to the value of €10.9 million were won by Monday Million players. This included five winners of the top €1 million Monday Million prize from tickets sold in Dundalk, Co. Louth; Dunshaughlin, Co. Meath; Burtonport, Co. Donegal; Rathnew, Co. Wicklow and Cork Street, Dublin. A further two lucky Dublin winners won €500,000 each on Monday Million Plus.

Special promotions were featured during the year with all prizes, other than the top prizes, doubled on Bank Holiday Mondays 6 June and 31 October.

## Monday Million

Bhí díolachán de €19.4 milliún i 2011 ar chluichí Monday Million agus Monday Million Plus - titim imeallach ó €20.6 milliún an bhliain roimhe sin. Thuill an chéad bliain iomlán de chrannchur Monday Million Plus €5.6 milliún agus bhí díolachán de €13.8 milliún ar chluiche Monday Million.

Bhuaigh imreoirí Monday Million duaiseanna dár luach €10.9 milliún ina n iomláine. Orthusan bhí cúigear buaiteoir de bharr-dhuais Monday Million de €1 milliún ar thicéid a díoladh i nDún Dealgan, Co. Lú; Dún Seachlainn, Co. na Mí; Ailt an Chorráin, Co. Dhún na nGall; Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin agus Sráid Chorcaí, Baile Átha Cliath. Bhain beirt bhuaiteoir ádhúil eile ó Bhaile Átha Cliath €500,000 an duine ar Monday Million Plus.

Bhain promóisin speisialta leis na duaiseanna uile le linn na bliana seachas leis na barr-dhuaiseanna. Dúblaíodh iadsan ar Luanta Laethanta Saoire Bainc ar 6 Meitheamh agus ar 31 Deireadh Fómhair.



Joseph O'Connor from Shinnicks Place, Castletownroche, Co. Cork won €283,500 on the National Lottery's Big Money TV Gameshow in July 2011. The winning ticket was purchased in Centra, Doneraile, Co. Cork. The Big Money TV Gameshow lived up to its name as it paid out €3.1 million in cash prizes during the summer months, as well as 55 holidays and 20 cars.

Bhuaigh Joseph O'Connor ó Phlás Uí Shionnaigh, Baile Chaisleáin an Róistigh, Co. Chorcaí, €283,500 ar Sheóchluiche Teilifíse Big Money an Chrannchuir Náisiúnta mí Iúil 2011. Ba i Centra, Dún ar Aill, Co. Chorcaí, a ceannaíodh an duais-ticéad. Thuill Seóchluiche Teilifíse Big Money a ainm mar dhíol sé amach €3.1 milliún ina nduaiseanna airgid le linn míonna an tsamhraidh anuas ar 55 saoire agus 20 gluaisteán.




TV Gameshow host Brian Ormond presented the 2011 Christmas Millionaire Raffle draw on New Year's Eve in RTE studios. This draw, with a top prize of €1,000,000, was broadcast as part of RTE's New Year's Eve schedule. The winner of the top €1,000,000 prize was a lucky couple from Dublin who purchased their ticket in the GPO, Dublin 1.

Bé an t óstach Sheóchluiche Teilifíse, Brian Ormond, a chuir Crannchur Millionaire na Nollag i láthair i 2011 ar Oíche na Seanbhliana i stiúideonna RTÉ. Craoladh an crannchur seo, a raibh barr-dhuais de €1,000,000 ag dul leis, mar chuid de sceideal RTÉ Oíche na Seanbhliana. Lánúin ádhúil ó Bhaile Átha Cliath, a cheannaigh a dticéad in Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, a bhain an bharr-dhuais de €1,000,000.

## Millionaire Raffle

In 2011, we continued to focus on our popular Millionaire Raffle seasons with limited edition games at Easter and Christmas. Together these generated sales of €8.4 million, while players won €4.5 million in prizes.

The limited edition feature married with the seasonal gifting occasions optimised the success of Millionaire Raffle. During the year, two new millionaires were created. The first was in Offaly at Easter when the winning ticket was purchased in Leavy's Centra, O'Carroll Street, Tullamore. A second millionaire was created on New Year's Eve when a lucky Dublin based winner got the New Year off to a great start. That ticket was purchased in the GPO, O'Connell Street, Dublin.

In total there were 1,149 winners of the €1.5 million Easter raffle prize fund. The draw by Marty Whelan, took place in the National Lottery Head Office and was streamed live on the internet. The bigger New Year raffle, which sold out just after Christmas, had the largest ever number of prizes with 2,236 winners sharing €3 million. This live draw hosted by Brian Ormond was part of RTE's 50th anniversary programme on New Year's Eve watched by close to 700,000 viewers.

## Millionaire Raffle

I 2011 leanamar de bheith ag díriú ar shéasúir mhór-éilimh Millionaire Raffle le cluichí eagráin teoranta um Cháisc is um Nollaig. Bhaineadar amach díolachán de €8.4 milliún eatarthu agus bhuaigh imreoirí duaiseanna dár luach €4.5 milliún.

Bharrfheabhsaigh gné an eagáin teoranta, anuas ar ócáidí séasúracha féiríní, an ratha bhí ar Millionaire Raffle. Rinneadh milliúnaithe de bheirt eile le linn na bliana. B'as Uíbh Fháilí don chéad duine nuair a ceannaíodh an duais-thicéad um Cháisc i Leavy's Centra, Sráid Uí Chearúill, An Tulach Mhór. Oíche na Seanbhliana a rinneadh milliúnaí den dara duine nuair a cuireadh sár-thús leis an Athbhliain d'imreoir ádhúil ó Bhaile Átha Cliath. Ba in Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath, a ceannaíodh an ticéad úd.

Bhí 1,149 buaiteoir ann ina n iomláine ar dhuais–chiste de €1.5 milliún i gcrannchur na Cásca. Ba in ard-oifig an Chrannchuir Náisiúnta a chuaigh Marty Whelan i mbun an chrannchuir agus sruthaíodh beo é ar an idirlíon. Ba ag crannchur na hAthbhliana, ar mhó fós é agus a díoladh amach díreach i ndiaidh na Nollag, a bhí an líon ba mhó duaiseanna le 2,236 buaiteoir ar roinneadh €3 milliún orthu. Brian Ormond a rinne an crannchur beo ar chlár comórtha 50 bliain de RTÉ Oíche na Seanbhliana agus lucht féachana de nach mór 700,000 ag breathnú air.

## *All or Nothing*

All or Nothing, the National Lottery daily draw game where players can win the top prize of €500,000 by matching 12 out of 24 numbers or by getting no numbers correct, had sales of €8.0 million in 2011.

Players shared €4.8 million in prizes, with two winners of the top €500,000 prize during the year. One of these, who bought the ticket in Cork, got all 12 numbers correct, while the other, a Meath based winner, got none of the twelve numbers correct and also won €500,000.

Throughout the year, there were 208 winners of the All or Nothing €5,000 prize.

## *All or Nothing*

I 2011, bhí díolachán de €8.0 milliún ar All or Nothing, cluiche crannchuir laethúil an Chrannchuir Náisiúnta, mar is féidir le himreoirí barr-dhuais de €500,000 a bhuachan trí 12 uimhir as 24 a mheaitseáil nó trí gan ceann ar bith a mheaitseáil.

Le linn na bliana roinneadh duaiseanna dár luach €4.8 milliún ar na himreoirí, agus beirt a bhain an bharr-duais de €500,000 ina measc. Fuair duine díobhsan, a cheannaigh an ticéad i gCorcaigh, gach ceann den 12 uimhir ceart. Ní bhfuair an buaiteoir eile, arbh as an Mhí dó, aon cheann ceart agus bhuaigh sé €500,000 freisin.

Le linn na bliana bhain 208 buaiteoir duais All or Nothing de €5,000.



Lucky Winning Streak TV Gameshow player Marie McLoughlin from Buncrana, Co. Donegal was the biggest winner on Saturday 3 September, 2011 when she spun the TV Gameshow wheel and won prizes worth €139,100. Marie is pictured here celebrating with her family on the RTE set of Winning Streak after the show.

Bí imreoir ádhúil an tSeóchluiche Teilifíse Winning Streak, Marie McLoughlin ó Bhun Cranncha, Co. Dhún na nGall, an buaiteoir ba mhó Dé Sathairn, 3 Meán Fómhair 2011 nuair a chas sí an roth Sheóchluiche Teilifíse is gur bhuaigh sí duaiseanna dar luach €139,100. Seo pictiúr de Marie agus í ag ceiliúradh lena clann ar sheit Winning Streak de chuid RTÉ i ndiaidh an tseó.

### TV Gameshows
### Seochluichí Teilifíse

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **1990**



Now acknowledged as Europe's longest running TV Gameshow, **Winning Streak** was launched in September 1990. To date, over €127 million has been won by Winning Streak players on the Gameshow, which takes place in RTE studios each Saturday, in front of an invited audience of each player's family and friends.

Seoladh **Winning Streak** mí Mheán Fómhair 1990 agus glactar leis anois mar an Seóchluiche Teilifíse is faide saoil san Eoraip. Go dtí seo, bhain buaiteoirí Winning Steak breis is €127 milliún ar an Seóchluiche a reáchtáiltear i stiúideonna RTÉ gach Satharn os comhair lucht féachana atá comhdhéanta de bhaill clainne is de chairde gach imreora.

# Play Online
# Imir ar Líne




**As awareness of the Play Online facility grew, the number of registered players increased to 27,200 by the end of 2011.**

**De réir mar a cuireadh eolas ar an áis Play Online mhéadaigh líon na n imreoirí cláraithe go 27,200 faoi dheireadh 2011.**

*Play Online* generated €6.1m in sales in 2011, up 65% on the previous year. The number of registered players increased to 27,200 by the end of 2011. Nine new instant games were launched, bringing the total game choice to 15 games. In addition, the enhancement of the National Lottery's website as a means of promoting the Play Online option was a successful development during 2011.

Bhí díolachán de €6.1 milliún ar *Play Online* i 2011, ardú 65% ón mbliain roimhe. Mhéadaigh líon na n-imreoirí cláraithe go 27,200 faoi dheireadh 2011. Seoladh naoi thobchluiche nua, rud a fhágann rogha de 15 chluiche. Thairis sin, ba chéim forbartha rathúil í i 2011 feabhsú shuíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta mar bhealach chun an rogha Imir Ar Líne a chur chun cinn.

## National Lottery Play Online

The level of online sales was up 65% in 2011, increasing to €6.1 million from €3.7 million.

Launched in 2009, our focus to date for this online player base has been on ensuring that we meet the highest standards of responsible gaming and security.

During 2011, we continued to develop the choice of games available online, offering players nine new instant win games bringing the total number of games available to 15. Cash Blizzard, Diamond Mine and Safe Cracker were among the popular new games on offer.

Online players also had the convenience of being able to play the Lotto and EuroMillions draw games over the internet.

As awareness of the Play Online facility grew, the number of registered players increased to 27,200 by the end of 2011, up 79% from 15,200 in the previous year.

The biggest online winner in 2011 was a Lotto Plus 1 top prize of €350,000 won by a lucky player on Wednesday 31 August.

We envisage that the rate of growth for the National Lottery Play Online service will continue to develop as more players become aware of its convenience benefits. The enhancement of our website as a means of promoting the online play option was an important and successful development during the year.

We continue to work closely with our regulator in developing the online game options in a socially responsible manner.

## Imirt Ar Líne an Chrannchuir Náisiúnta

Mhéadaigh an díolachán ar líne ó €3.7 milliún go €6.1 milliún i 2011 – ardú de 65%.

Sheolamar ár mbunachar imreoirí ar líne i 2009 agus dhíríomar ó shin ar na caighdeáin cluichíochta is airde ó thaobh freagrachta agus slándála a bhaint amach.

Le linn 2011, d’fhéachamar leis an rogha cluichí ar líne a fhorbairt trí naoi gcluiche nua tob-bhua a thairiscint do na himreoirí – iomlán de 15 cluiche. Bhí Cash Blizzard, Diamond Mine agus Safe Cracker ar na cluichí nua ba mhó éilimh a cuireadh ar fáil.

Thairis sin bhí sé d’aosáid ag imreoirí ar líne bheith in ann cluichí crannchuir Lotto agus EuroMillions a imirt ar an idirlíon.

De réir mar a cuireadh eolas ar an áis Play Online mhéadaigh líon na n imreoirí cláraithe go 27,200 faoi dheireadh 2011 – méadú de 79% ó 15,200 an bhliain roimhe sin.

B’imreoir ádhúil, a bhain an bharr-dhuais Lotto Plus 1 de €350,000 Dé Céadaoin, 31 Lúnasa, an buaiteoir ar líne ba mhó i 2011.

Creidimid go leanfaidh an fás faoi sheirbhís Play Online an Chrannchuir Náisiúnta de réir mar a thuigeann níos mó imreoirí na buntáistí áisiúlachta. Forás tábhachtach le linn na bliana ba ea feabhsú ár suíomh gréasáin mar uirlis chun an rogha imeartha ar líne a chur chun cinn.

Leanaimid de bheith ag obair i ndlúthchomhar lenár rialaitheoir chun roghanna cluichíochta ar líne a fhorbairt ar dhóigh atá freagrach go sóisialta.




*Diamond Mine*, an Instant Win game, was launched in 2011. An attractive top prize of €15,000 was on offer, as well as lots of other smaller prizes.

Seoladh *Diamond Mine*, cluiche Tob-Bhua i 2011. Bhí fáil ar bharr-dhuais mhealltach de €15,000 chomh maith le raidhse duaiseanna beaga.

### Lotto Games
### Cluichí Lotto

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **2009**



The National Lottery’s **iPhone App** was launched in March 2009. This unique game development provided players with the opportunity to play the National Lottery’s key games online. This included both draw games and instant win games.

Seoladh **Aip iFón** an Chrannchuir Náisiúnta mí an Mhárta 2009. Chuir an cor eisiach cluichíochta seo ar chumas imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta eochair-chluichí an Chrannchuir Náisiúnta a imirt ar líne. Orthusan bhí idir chluichí crannchuir agus chluichí tob-bhua.

# Operations
# Oibríochtaí




Indre Cepaite celebrated the sale of a Lotto jackpot winning ticket in August for a jackpot of €1,326,478 in the Applegreen Service Station in Ashbourne, Co. Meath.

Cheiliúir Indre Cepaite díolachán thicéad Lotto a bhain an pota óir Lotto de €1,326,478 mí Lúnasa i Stáisiún Seirbhíse Applegreen i gCill Dhéagláin, Co. na Mí.

## Operations

During 2011, the total number of individual transactions handled was over 250 million, close to 5 million transactions per week. We managed 1,168 individual draws and now have 27 regular game draws per week, up from 22 in 2010.

The cost of operating the National Lottery covers three main categories – prizes, which is by the far the highest cost; other costs of sales and administrative costs.

In 2011, other costs of sales reduced from €86.2 million in 2010 to €84.6 million. This includes €47.1 million agents' commission representing 6% of total sales.

Administrative costs were €19.7 million compared to €19.4 million in 2010, reflecting the extra costs associated with the additional EuroMillions Tuesday draw.

The number of employees increased from 103 to 108, reflecting the additional support required for our increased game portfolio, sales and internet development. Sales per employee were over €7 million, higher than any other European lottery of a comparable size.

Over the course of the year, we worked closely with our network of over 3,780 retail agents and I'd like to take this opportunity to thank them for being the public face of the National Lottery and dealing with customers on our behalf. As a result of our ongoing retail upgrade, all stores now provide the full range of National Lottery games and nearly all have self-service ticket checkers installed. During 2011, a further 902 stores were upgraded to the improved broadband capability.

We now have live digital display screens in our top 1,000 retail outlets and plan to install a further 1,000 of these in 2012. This facility allows us to update jackpot amounts on a real time basis, highlight good causes and winners, and inform players of new products and promotions.

The staff of the National Lottery have been the driving force in the success of the business since its inception and in 2011 they continued to develop the business as we launched further game innovations, particularly in the EuroMillions game. I would like thank all those working in the National Lottery for their significant contribution to a very busy year and another successful operations performance that firmly positions us as one of the top lotteries in the world.

## Oibríochtaí

Le linn 2011, pléadh le breis is 250 milliún idirbheart ar leith – nach mór 5 mhilliún idirbheart in aghaidh na seachtaine. Bhainistíomar 1,168 crannchur ar leith agus bíonn 27 cluiche crannchuir againn go rialta gach seachtain - méadú ó 22 cluiche i 2010.

Baineann costas oibríochta an Chrannchuir Náisiúnta le trí príomh chatagóir, eadhon: duaiseanna arbh iad an gné costais is airde ar fad iad; costais eile díolaíochta agus costais riaracháin.

I 2011 laghdaíodh na costais eile díolaíochta ó €86.2 milliún i 2010 go €84.6 milliún. Áirítear anseo €47.1 milliún ar choimisiún na ngníomhairí arbh ionann é agus 6% den díolachán iomlán.

Bhí costais riaracháin de €19.7 milliún ann i gcomparáid le €19.4 milliún i 2010, figiúr a léirigh na costais bhreise a bhain leis an gcrannchur nua EuroMillions ar an Máirt.

Bhí méadú ar líon na bhfostaithe ó 103 go 108, rud a léiríonn an tacaíocht bhreise ba ghá dár bpunann méadaithe cluichí, don díolachán agus d'fhorbairt an idirlín. Bhí figiúr díolacháin ann de €7 milliún in aghaidh an fhostaí agus é níos airde ná aon chrannchur Eorpach eile den méid inchomparáide.

Le linn na bliana d'oibríomar i ndlúthchomhar lenár líonra de 3,780 gníomhaire miondíola agus ba dheas liom an ócáid seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as bheith mar aghaidh phoiblí ag an gCrannchur Náisiúnta agus as plé le custaiméirí thar ár gceann. Mar thoradh ar ár n uasghrádú leanúnach miondíola tá an raon iomlán de chluichí an Chrannchuir Náisiúnta le fáil i ngach siopa agus tá meaisíní seiceála ticéad féinseirbhíse suiteáilte ina bhformhór. Le linn 2011 uasghrádaíodh 902 siopa breise go dtí an leibhéal acmhainne leathanbhandach feabhsaithe.

Tá scáileáin taispeána digiteacha againn sa 1,000 asraon is tábhachtaí dár gcuid agus tá rún againn 1,000 eile díobh a shuíomh le linn 2012. Cuireann an áis ar ár gcumas suimeanna sna potaí óir a nuashonrú ar bhonn réad-ama, aird a dhíriú ar dhea-chúiseanna is ar bhuaiteoirí, agus imreoirí a choinneáil ar an eolas faoi tháirgí is faoi promóisin nua.

Bí foireann an Chrannchuir Náisiúnta ceann tiomána an ratha a bhí ar an ngnó ón tús agus le linn 2011 leanadar de bheith ag forbairt an ghnó de réir mar a sheolamar nualaíochtaí breise cluichíochta, go háirithe i réimse chluiche EuroMillions. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan uile atá ag obair leis an gCrannchur Náisiúnta as an méid a rinne siad le linn bliana a bhí fíor-ghnóthach agus as feidhmiúchán oibríochta rathúil eile a fhágann sinn go daingean i measc scoth-chrannchuir an domhain.

Operations
Oibríochtaí

***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **2010**



**National Lottery Operations**

In 2010, the National Lottery handled 267 million individual transactions. National Lottery staff also managed 854 individual draws with 22 regular game draws each week.

Operating costs were reduced in 2010 by 4.3% to €108.4 million. The retail side of operations continued to grow and at the end of 2010, there were 3,813 retail agents.

Player support services were improved in 2010 with the installation of 930 self service ticket checkers. 950 stores were upgraded to improve broadband capability and the roll-out of digital display screens in top retail outlets continued.

**Oibriúcháin an Chrannchuir Náisiúnta**

I 2010, dhéileáil an Crannchur Náisiúnta le 267 milliún idirbheart ar leith. Reáchtáil foireann an Chrannchuir Náisiúnta freisin 854 crannchur ar leith le 22 chrannchur rialta gach aon seachtain.

Laghdaíodh na costais oibriúcháin de 4.3% i 2010 go dtí €108.4 milliún. Lean taobh na miondíola de chúrsaí oibriúcháin de bheith ag fás agus ag deireadh 2010 bhí 3,813 gníomhaire miondíola ann.

Feabhsaíodh seirbhísí tacaíochta d'imreoirí chomh maith i 2010 agus suiteáladh 930 meaisín seiceála ticéad féinseirbhíse. Uasghrádaíodh 950 siopa chun an leibhéal leathanbhandach a fheabhsú agus leanadh de rolladh amach scáileán digiteacha taispeántais sna hasraonta miondíola is tábhachtaí.

# Responsible Gaming
# Cluichíocht Fhreagrach




Eurospar, Hartstown, Co. Dublin is one of the 1,000 stores across Ireland which currently displays National Lottery digital signage screens in store. This facility allows the National Lottery to update jackpot amounts on a real time basis, highlight good causes and winners, and inform players of current promotions.

Tá Eurospar, Baile an Hartaigh, Co. Bhaile Átha Cliath, ar cheann de 1,000 stór ar fud na hÉireann ina mbíonn scáileáin chomharthaíochta digití de chuid an Chrannchuir Náisiúnta ar taispeáint iontu faoi láthair. Cuireann an áis seo ar chumas an Chrannchuir Náisiúnta suimeanna na bpotaí óir a nuashonrú ar bhonn réad-ama, dea-chúiseanna agus buaiteoirí a aibhsiú agus imreoirí a choinneáil ar an eolas faoi promóisin reatha.

## We strive to protect vulnerable players and to prevent underage play through the implementation of various initiatives.

## Déanaimid iarracht imreoirí soghonta a chosaint agus imirt faoi bhun aoise a chosc trí thosaíochtaí éagsúla dár gcuid a chur i bhfeidhm.

### *Responsible Gaming*

While we focus on enhancing and promoting our wide range of lottery games to new and existing players, we are committed to raising as much money as possible for good causes in a socially responsible way. We recognise that we have a duty of care to our players to ensure that National Lottery games do not encourage excessive play and that National Lottery tickets are not sold to persons under eighteen years of age. Responsible gaming is therefore a key area of focus for the Company.

We strive to protect vulnerable players and to prevent underage play through the implementation of various initiatives as part of our Responsible Gaming Policy. These initiatives include specific programmes in the areas of improved monitoring and reporting of responsible gaming issues; staff communication and training; game design protocols; agent communication and awareness; player information and awareness and Advertising and Marketing Codes of Conduct. We are intent on continuing these initiatives and programmes to help promote responsible gaming.

As part of our commitment to responsible gaming, we publish an annual report on our website of significant engagement activities and initiatives undertaken in the preceding 12 months. Our first report was published on our website during the year.

Our work in the area of responsible gaming has not gone unrecognised. The Company was presented with its Certificate of Alignment with European Lotteries Responsible Gaming Standard at the European Lotteries General Assembly in Helsinki on 8 June, 2011.

### *Cluichíocht Fhreagrach*

Agus sinn dírithe ar ár raon leathan de chluichí crannchuir a fheabhsú is a chur chun cinn i measc imreoirí nua agus iadsan atá cheana féin againn táimid tiomnaithe d'oiread airgid agus is féidir a thuilleamh do dhea chúiseanna ar bhealach atá freagrach go sóisialta. Aithnímid go bhfuil dualgas aireachais orainn i leith ár n imreoirí agus chun deimhin a dhéanamh de nach spreagaimid barraíocht imeartha agus nach ndíoltar ticéid an Chrannchuir Náisiúnta leosan atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois. Más ea, tá cluichíocht fhreagrach mar eochair-ghné fócais don Chomhlacht.

Déanaimid iarracht imreoirí soghonta a chosaint agus imirt faoi bhun aoise a chosc trí thosaíochtaí éagsúla dár gcuid a chur i bhfeidhm mar chuid dár bPolasaí Cluichíochta Freagracha. Ar na tosaíochtaí seo tá cláir ar leith i réimse na monatóireachta feabhsaithe agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe cluichíochta freagraí; oiliúint na foirne agus cumarsáid ina measc; prótacail faoi dhearadh cluichí; feasacht na ngníomhairí agus cumarsáid leo; feasacht na n imreoirí agus cumarsáid leo; agus, Cóid Iompair Fógraíochta agus Margaíochta. Tá rún againn leanúint leis na tosaíochtaí agus na cláir seo chun cluichíocht fhreagrach a chur chun cinn.

Mar chuid dár dtiomantas do chluichíocht fhreagrach foilsímid tuarascáil ar ár suíomh gréasáin faoi rannpháirtíocht agus faoi ghníomhaíochtaí suntasacha a tharla sa dá mhí déag roimhe sin. Foilsíodh ár gcéad tuarascáil ar ár suíomh gréasáin le linn na bliana.

Ní gan aitheantas a rinneadh ár n obair i réimse na cluichíochta freagraí. Bronnadh Teastas Ailínithe leis an gCaighdeán Eorpach um Chluichíocht Fhreagrach ar an gComhlacht ag Tionól Ginearálta na gCrannchur Eorpach i Helsinki ar 8 Meitheamh, 2011.



*Looking back...*
*Ag féachaint siar...* **1993**




Galway's **Marie Burke** broke Lotto records in 1993 when she won a jackpot of over £3 million (€3.8 million) – the biggest ever jackpot win at that time.

Ba churiarracht nua Lotto é nuair a bhuaigh **Marie Burke** ó Ghaillimh pota óir de bhreis is £3 milliún (€3.8 milliún) i 1993 – an pota óir ba mhó a buadh riamh ag an am sin.

# Sponsorship
# Pátrúnacht




A record number of Marathon runners – over 14,000 in total – took part in the National Lottery's Dublin Marathon sponsorship in October 2011.

Ghlac an líon ba mhó reathaí Maratóin riamh – os cionn 14,000 ina n iomláine – páirt i Maratón Chathair Bhaile Átha Cliath, faoi phátrúnacht an Chrannchuir Náisiúnta, mí Dheireadh Fómhair 2011.

**We were pleased to have an opportunity to be associated with a major Irish sporting event such as the Dublin Marathon.**

**Is áthas linn an deis a fháil chun bheith bainteach le mór-ócáid spóirt mar Mharatón Bhaile Átha Cliath.**

## *Sponsorship*

In 2011, the National Lottery was announced as title sponsor for the high profile Dublin Marathon which attracted a record number of over 14,000 entries on the October Bank Holiday Monday. The men's race was won by Geoffrey Ndungu from Kenya setting a new course record of 2:08:33, while Helalia Johannes from Namibia won the women's race in 2:30:35.

As part of this sponsorship, we supported the popular preparatory Race Series for 5 mile, 10 mile and half Marathon runs in the Phoenix Park during the months of July, August and September. These were actively promoted by our race ambassador Kathryn Thomas.

We were delighted that the National Lottery involvement enabled the event to be carried live on RTE2 TV for the first time in 20 years which was a major boost to the event. There was also great support for the runners along the route as thousands of spectators came out to cheer them on.

Every year, hundreds of millions of euro raised by the National Lottery is distributed by government to sports projects, sports communities and individual sporting endeavours throughout Ireland. Many of Ireland's top athletes – like David Gillick and Derval O'Rourke– have received National Lottery beneficiary support to assist them in their sporting careers. In this context, we were pleased to have an opportunity to be associated with a major Irish sporting event such as the Dublin Marathon.

We also sponsored the spectacular National Lottery SkyFest which was staged in Wexford town in 2011 as part of the St Patrick's Festival celebrations. To add to the festivities, the National Lottery Lotto draw for Saturday 19 March took place on the Wexford quayside and was broadcast live on RTE TV.

## *Pátrúnacht*

I 2011 ainmníodh an Crannchur Náisiúnta mar phatrún teidealach Mharatón iomráiteach Bhaile Átha Cliath a mheall an líon ba mhó iontrálacha riamh, 14,000, ar Luan Lá Saoire Bainc Dheireadh Fómhair. Geoffrey Ndungu ón gCéinia a bhuaigh rás na bhfear le curiarracht nua don chúrsa de 2:08:33 agus bhuaigh Helalia Johannes ón Namaib rás na mban i 2:30:35.

Mar chuid den phátrúnacht seo thacaíomar leis an tSraith mhór-éilimh Rásaíochta ullmhúcháin de rásaí 5 mhíle, 10 míle agus leath-Mharatóin i bPáirc an Fhionnuisce le linn míonna Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair. Chuir ár n ambasadóir rásaíochta, Kathryn Thomas, iad seo chun cinn go friochanta.

Bhí ríméad orainn gur chuir rannpháirtíocht an Chrannchuir Náisiúnta ar chumas na hócáide clúdach beo a fháil ar theilifís RTÉ 2 don chéad uair le 20 bliain, rud a thug ardú mór meanma don ócáid. Fuair na reathaithe an-tacaíocht feadh na slí nuair a tháinig na mílte de lucht féachana amach chun gáir mholta a ligean leo.

Gach bliain, roinneann an Rialtas na céadta milliún euro, a chnuasaíonn an Crannchur Náisiúnta, ar thionscadail spóirt, ar phobail spóirt agus ar iarrachtaí aonair spóirt ar fud na hÉireann. Fuair an-chuid de scoth lúthchleasaithe na hÉireann – dála David Gillick agus Derval O'Rourke – tacaíocht thairbheach ón gCrannchur Náisiúnta chun cuidiú leo ina ngairmréimeanna lúthchleasaíochta. Sa chomhthéacs seo, is áthas linn an deis a fháil chun bheith bainteach le mór-ócáid spóirt mar Mharatón Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, thugamar pátrúnacht do SkyFest taibhsiúil an Chrannchuir Náisiúnta a cuireadh ar siúl i Loch Garman i 2011 mar chuid de cheiliúradh na Féile Pádraig. Chun cur leis an scléip reáchtáladh crannchur Lotto an Chrannchuir Náisiúnta don Satharn, 19 Márta, ar an gcé i Loch Garman agus craoladh beo é ar theilifís RTÉ.



***Looking back...***
***Ag féachaint siar...*** **1994**



The National Lottery marked the 100th anniversary of the Congress of Trade Unions in 1994 by sponsoring the **May Day Congress Centenary Carnival**.

Cheiliúir an Crannchur Náisiúnta 100 bliain de Chomhdháil na gCeardchumann i 1994 trí urraíocht a dhéanamh ar **Charnabhal Lá Bealtaine na Comhdhála**.

# Good Causes
# Dea-Chúiseanna



Patrick Kelly from Cork, with his assistance dog Erin, is pictured here outside the offices of the Irish Guide Dogs for the Disabled. This organisation has received National Lottery funding and provides assistance dogs for disabled adults and children. The unit began in 2007 and its mission is to assist people with disabilities and help them enjoy a greater independence and a better quality of life.

All assistance dogs are specifically trained to assist people with physical disabilities with their particular needs. As part of the community visitation and home companion programme, the assistance puppies in training visit people in long-term residential care, special needs facilities and hospitals.

Patrick Kelly ó Chorcaigh, lena madra cúnta Erin, atá sa phictiúr seo taobh amuigh d'oifig Chumann na hÉireann um Mhadraí Treorach do Dhaoine Míchumasacha. Faigheann an cumann seo maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta agus cuireann sé madraí cúnta ar fáil d'aosaigh is do pháistí míchumasacha. Tosaíodh an t-aonad i 2007 agus tá sé mar mhisean aige cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus cúnamh a thabhairt dóibh saol níos neamhspleáiche a chaitheamh agus stíl bheatha níos fearr a bheith acu.

Oiltear gach madra cúnta go speisialta chun cabhair a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach gona riachtanais ar leith. Mar chuid den chlár cuairte pobail agus compánaigh baile, téann na coileáin faoi oiliúint ar cuairt chuig daoine in ionaid chónaithe fhadtéarma, in áiseanna riachtanas speisialta agus in ospidéil.



St. Michael's Rowing Club in Limerick is a recipient of National Lottery funding. St. Michael's caters for both men and women and provides for the specific needs of large numbers of boy and girl squads. The Club has won 42 National Championships since 1979. Some members have rowed in the Olympics in Atlanta, Athens and Beijing.

Faigheann Cumann Rámhaíochta Mhichíl Naofa i Luimneach maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta. Freastalaíonn Cumann Mhichíl Naofa ar fhir is ar mhná araon agus freastalaíonn sé ar scuaid iomadúla buachaillí is cailíní. Tá 42 Craobhchomórtas Náisiúnta buaite ag an gClub ó 1979 i leith. Bhí baill áirithe ag rámhaíocht sna hOilimpí in Atlanta, san Aithin agus i mBéising.

**The National Lottery raised a further €231.9 million for distribution by the Government to good causes all over the country.**

**Chnuasaigh an Crannchur Náisiúnta €231.9 milliún eile le roinnt ag an Rialtas ar dhea chúiseanna ar fud na tíre.**

## *Good Causes*

In its 25th year of operations, I'm proud to report that the National Lottery raised a further €231.9 million for distribution by the Government to good causes all over the country. This brings the cumulative amount to over €3.9 billion since March 1987, leaving us well on track to break the €4 billion milestone in 2012.

Many projects in the categories of Health & Welfare; Youth, Sports, Recreation and Amenities; Arts, Culture and National Heritage and the Irish language all benefited from National Lottery funding in 2011.

Throughout the year, initiatives which received National Lottery funding were featured on the Winning Streak TV Gameshow, in The Spark – our good causes newsletter - and on the National Lottery website.

Sports projects have been a major beneficiary of the National Lottery since its establishment in 1987. In 2011, some examples of sports capital grants made from the National Lottery fund through the Department of Transport, Tourism and Sport included over €850,000 in funding towards the national snow sports centre in Kilternan, Co. Dublin. This is a centre of excellence for snow sports in Ireland and is used by thousands of skiers every year, including national teams and the Special Olympics team.

Roscrea Leisure Centre in Co. Tipperary received almost €1.7 million in 2011 to fund a multi-sports centre. This premier facility was part-funded by the National Lottery. Cumann Baire Setanta, a GAA Club in Ballymun, also received €400,000 in 2011 part-funded by the National Lottery, which was used to develop new club dressing rooms and an all-weather pitch.

## *Dea-chúiseanna*

Ina 25ú bliain oibríochtaí, is ábhar bróid dom a thuairisciú gur chnuasaigh an Crannchur Náisiúnta €231.9 milliún eile le roinnt ag an Rialtas ar dhea chúiseanna ar fud na tíre. Tógann sé seo an tsuim charnach go dtí breis is €3.9 billiún ó mhí an Mhárta 1987 agus fágann sé sin sa riocht sinn gur dócha go sárófar an sprioc de €4 billiún i 2012.

Is iomaí tionscadal i réimsí mar Sláinte & Leas Sóisialach; Óige; Spóirt; Fóillíocht agus Áiseanna; Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht Náisiúnta, agus an Ghaeilge a bhain tairbhe as maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta i 2011.

Le linn na bliana tugadh suntas do thionscadail a fuair maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta ar an Seóchluiche Teilifíse Winning Streak agus i The Spark - ár nuachtlitir faoi dhea-chúiseanna – agus ar shuíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta.

Bhí tionscadail spóirt mar mhór-thairbhí ag an gCrannchur Náisiúnta ó bunaíodh é i 1987. Sampla de dheontas caipitil spóirt a tugadh ó chiste an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ba ea breis is €850,000 de mhaoiniú don lárionad spóirt sneachta ag Cill Tiarnáin, Co. Bhaile Átha Cliath. Ionad barr feabhais é seo do spóirt sneachta in Éirinn agus úsáideann na mílte sciálaithe é, ina measc foirne náisiúnta agus foireann na nOilimpeacha Speisialta.

Fuair ionad Fóillíochta Ros Cré i dTiobraid Árann beagnach €1.7 milliún i 2011 chun lárionad ilspóirt a mhaoiniú. Fuair an tsar-áis seo páirt-mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta. Fuair Cumann Báire Setanta, club de chuid CLG i mBaile Munna, €400,000 chomh maith i 2011 mar pháirt mhaoiniú chun seomraí gléasta nua don chlub agus páirc imeartha uile-aimsire a fhorbairt.



**Throughout the year initiatives which received National Lottery funding were featured on the Winning Streak TV Gameshow.**

**Le linn na bliana tugadh suntas do thionscadail a fuair maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta ar an Seóchluiche Teilifíse Winning Streak.**

The activities of Cork Soccer club, Everton AFC, have been supported by National Lottery funding. Everton AFC established its schoolboys section in 1961 and as early as 1966, the club came very close to winning the FAI Junior Cup. Two soccer pitches have now been developed by the club in Togher in Co. Cork.

Thacaigh maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta le himeachtaí Chlub Sacair, Everton AFC, i gCorcaigh. Bhunaigh Everton AFC a roinn do bhuachaillí scoile i 1961 agus chomh luath le 1966 ba dhóbair don chlub Corn Sóisear an FAI a bhuachan. D'fhorbair an club dhá pháirc imeartha ag an Tóchar i gCo. Chorcaí.



Aspiro was formed in September 1997 and quickly established itself as a unique and ambitious choir, promoting a world class model for choral music education practice in Ireland.

Funding by the National Lottery, through the Arts Council, has enabled Aspiro to fully develop and explore its artistic potential.

Tháinig Aspiro le chéile mí Mheán Fómhair 1997 agus níorbh fhada go raibh bonn curtha faoi aige mar chór eisiach, uaillmhianach a chuireann sampla eiseamláireach de chaighdeán domhanda in oideachas ceoil ar fáil do chóir in Éirinn.

Chuir maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta, tríd an gComhairle Ealaíon, ar chumas Aspiro a acmhainneacht ealaíne a iniúchadh is a fhorbairt.

National Lottery funding was distributed to hundreds of initiatives including the Carlow Gymnastics Club; the Irish Table Tennis Association; St Michael's Rowing Club in Limerick and Cork soccer club Everton AFC. In addition, National Lottery funds also supported the Irish Olympic team in their preparations for the London 2012 games.

In Health, the voluntary organisation, Tuam Cancer Care was a recipient of National Lottery Beneficiary Funding, through the Department of Health and Children. The funding it received allowed this community support group make a significant step towards the development of a purpose built centre to deliver the best care in a homely and therapeutic environment.

Arts initiatives throughout Ireland continue to receive National Lottery funding through the Arts Council. The Limerick Youth Theatre, a company of young performers, dancers, writers, designers and producers was one such beneficiary.

In the Irish language category, the chart station Raidio Rí-Rá which is based in Dublin continued to bring Irish to young people through contemporary online and live broadcasts.

Roinneadh maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta ar na céadta tionscadal ar a n áirítear Club Gleacaíochta Cheatharlach; Cumann Leadóige Boird na hÉireann; Club Rámhaíochta Mhichíl Naofa i Luimneach agus, an club sacair Corcaíoch Everton AFC. Thairis sin, úsáideadh maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta chun tacú le foireann Oilimpeach na hÉireann agus iad ag ullmhú do na cluichí i Londain i 2012.

I réimse na Sláinte, fuair an eagraíocht dheonach, Tuam Cancer Care, maoiniú ó chiste thairbhithe an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí. Chuir an maoiniú a fuaireadar ar chumas an ghrúpa tacaíochta pobail seo lárionad toiscdhéanta a fhorbairt ina gcuirfí scoth na haire ar fáil i dtimpeallacht thíriúil, theiripeach.

Leanann tionscadail ealaíne de bheith ag fáil maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta tríd an gComhairle Ealaíon. Tá an Limerick Youth Theatre, complacht d'aisteoirí, rinceoirí, scríbhneoirí, dearthóirí agus léiritheoirí óga ar cheann de na tairbhithe.

I réimse na Gaeilge, lean Raidió Rí-Rá, stáisiún cairte, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, de bheith ag tabhairt na Gaeilge do dhaoine óga trí chraoltaí comhaimseartha ar líne agus beo.

Letterkenny Regional Cultural Centre (RCC) is a world-class centre for visual and socially engaged arts, and it received €2.55 million funding towards its development from the National Lottery. The Regional Cultural Centre is acknowledged as one of the finest arts facilities in Ireland.

Opened in 2007, the RCC incorporates an exhibition gallery (250m$^2$), a studio cinema / theatre, three multi-purpose workshop spaces, two dedicated film and digital media spaces and two music rehearsal rooms.

The RCC presents a year-long programme of national and international classical, jazz, traditional, world music concerts and youth rock gigs.

Lárionad ar chaighdeán domhanda do na hamharc-ealaíona is do na healaíona a phléann leis an sochaí is ea Lárionad Réigiúnach Cultúrtha Leitir Ceanainn (RCC) agus fuair sé €2.55 milliún chun forbartha ón gCrannchur Náisiúnta. Áirítear Lárionad Réigiúnach Cultúrtha Leitir Ceanainn ar cheann de na háiseanna ealaíne is fearr in Éirinn.

Osclaíodh an RCC i 2007 agus cuimsíonn sé gailearaí taispeántais (250m$^2$), stiúideo pictiúrlainne/amharclainne, trí spás ilchuspóireach ceardlainne, dhá spás tiomnaithe do na meáin scannánaíochta agus digiteacha agus dhá sheomra cleachtaidh ceoil.

Cuireann an RCC clár de cheolchoirmeacha náisiúnta, clasaiceacha, snagcheoil, traidisiúnta agus domhanda ar fáil le linn na bliana ar fad maille le raic-gigeanna don óige.



## Good Causes
## Dea-Chúiseanna

### *Looking back...*
### *Ag féachaint siar...* 2001



The **Irish Association of Youth Orchestras (IAYO)** engages in artistic programming and training for orchestra conductors, organisers and young instrumentalists. In 2001, the IAYO received €85,000 from the Arts Council, which receives a large portion of its funding from the National Lottery Beneficiary Fund.

Its flagship event is the Festival of Youth Orchestras, held annually in the National Concert Hall in early February. The IAYO also assists in the management and administration of the Irish Youth Wind Ensemble and ConCorda Chamber Music courses which are held each summer. For younger players, the calendar highlight is a weekend of chamber music held annually at the end of April.

Bíonn **Cumann na hÉireann um Óg-Cheolfhoirne (IAYO)** ag gabháil de chláreagrú ealaíne is d'oiliúint stiúrthóirí cheolfhoirne, eagraithe is ionstraimithe óga. I 2001, fuair IAYO €85,000 ón gComhairle Ealaíon a fhaigheann mórchuid dá maoiniú ó Chiste Tairbhithe an Chrannchuir Náisiúnta.

Is é Féile na nÓg-Cheolfhoirne, a reáchtáiltear gach bliain sa Cheoláras Náisiúnta go luath i mí Feabhra a phríomhimeacht. Tugann siad cúnamh chomh maith i mbainistiú agus i riaradh Óg-Ensemble Gaothuirlisí na hÉireann agus chúrsaí Cheol Aireagail ConCorda a reáchtáiltear gach samhradh. Is í spriocócaid an fhéilire do cheoltóirí óga ná an deireadh seachtaine de cheol aireagail a reáchtáiltear gach bliain ag deireadh Aibreáin.

# The Future
# An Todhchaí

Archways was established in 2006 as a national organisation to promote and research evidence-based programmes to support children and young people with emotional and behavioural difficulties. Archways rolls out a number of behavioural programmes including the Incredible Years Programme, The Mentoring for Achievement Programme, Functional Family Therapy and The Triple P Parenting Programme.

Archways received funds from the National Lottery, through government, to introduce the Incredible Years Infant Programme. This programme focuses on a child's first year of life and supports parents and their babies in a variety of ways.

Bunaíodh Archways i 2006 mar eagraíocht náisiúnta chun cláir ar bhonn fianaise, a thacódh le páistí is le daoine óga a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus iompair acu, a chur chun cinn is chun taighde a dhéanamh orthu. Cuireann Archways roinnt clár iompair ar fáil ar a bhfuil Clár Incredible Years, Clár Mentoring for Achievement, Teiripe Feidhmiúil Clainne agus Clár Triple P Parenting.

Fuair Archways maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta, tríd an rialtas, chun Clár Incredible Years do Naíonáin a sheoladh. Díríonn an clár seo ar an gcéad bhliain i saol an pháiste agus tacaíonn sé le tuismitheoirí is le leanaí ar bhealaí éagsúla.





Con McSweeney from Mahon in Cork City, won €554,000 on the Winning Streak TV Gameshow in February 2011. Con spun the Grand Prize Wheel and won €500,000 instantly. Earlier in the show, Con won €54,000, including a holiday and a car.

The only other occasion when €500,000 was won instantly on the Winning Streak TV Gameshow was on 19 October, 2002, when Agnes McKeown, St. Mark's Crescent, Clondalkin, Dublin 22 won a total of €534,000.

Bhuaigh Con McSweeney ó Mhachain i gCathair Chorcaí €554,000 ar Sheóchluiche Teilifíse Winning Streak mí Feabhra 2011. Chas Con Roth Mór na nDuaiseanna agus bhain sé €500,000 ar an toirt. Níos luaithe sa chlár bhuaigh Con €54,000, saoire agus gluaisteán san áireamh.

Ní raibh ach ócáid amháin eile ann nuair a buadh €500,000 ar an toirt ar Sheóchluiche teilifíse Winning Streak agus b'in ar 19 Deireadh Fómhair, 2002 nuair a bhuaigh Agnes McKeown, Corrán Mharcais Naofa, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, iomlán de €534,000.

**We look forward to building on the success of the last 25 years of Ireland's National Lottery.**

**Táimid ag súil le tógáil ar an rath a bhí ar Chrannchur Náisiúnta na hÉireann le 25 bliain anuas.**

## *Focus for the future*

We look forward to building on the success of the last 25 years of Ireland's National Lottery with a strong focus on our vision of providing exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to our players. Our priority will be the continued development of our successful and efficient business operation.

We have a stream of new game innovations and services planned, particularly in the National Lottery Play Online area. We will also continue to invest in our retailer network and work closely with our agents as we roll out our in store real-time digital signage display programme.

On the international front, we will work with our EuroMillions partners on the development of an exciting world game concept.

As always, our motivation will be to maximise the economic return from the National Lottery to the Irish community, benefitting good causes and players.

## *Aghaidh ar a bhfuil le teacht*

Táimid ag súil le tógáil ar an rath a bhí ar Chrannchur Náisiúnta na hÉireann le 25 bliain anuas le fócas géar ar ár bhfís chun cluichí crannchuir spleodracha, mealltacha a chur ar fáil a sholáthróidh spraoi agus caitheamh aimsire dár n imreoirí. Beidh forbairt leanúnach oibríochta ár ngnó rathúil mar sprioc againn.

Tá sraith de nuálaíochtaí cluichíochta agus seirbhísí pleanáilte againn, go háirithe i réimse national Lottery Play Online. Leanfaimid de bheith ag infheistiú inár líonra miondíola agus oibreoimid i ndlúthchomhar lenár ngníomhairí agus an chomharthaíocht taispeána dhigiteach réad-ama sna siopaí á rolladh amach againn.

Ar an bhfronta idirnáisiúnta, oibreoimid lenár bpáirtithe i EuroMillions ar fhorbairt choincheap spreagúil chluiche domhanda.

Mar is gnách, beidh mar bhunaidhm againn an toradh eacnamaíoch ón gCrannchur Náisiúnta a uasmhéadú ar mhaithe le muintir na hÉireann agus chun tairbhe dhea-chúiseanna agus imreoirí.



**Dermot Griffin**
Chief Executive, 21 February, 2012
Príomhfheidhmeannach, 21 Feabhra, 2012

# Board of Directors
# An Bord Stiúrtha



*Donal Connell* | *Dermot Griffin* | *Micheál Ó Muircheartaigh* | *Caroline Murphy* | *Oliver Wilkinson* | *Jack Dempsey*

### Donal Connell,

C.Eng., F.I.E.I., B.E.

*Chairman Cathaoirleach*
*Age 58 Aois 58*
*Appointed on 6 November, 2008; second term*
*Ceaptha 6 Samhain, 2008; an dara téarma*

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board.

Is é Donal Connell Príomhfheidhmeannach an Phoist. Ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre sa Roinn Poist agus Teileagraf agus bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é ar An Post agus is stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation.

### Dermot Griffin,

B.Comm., F.C.C.A.

*Director Stiúrthóir*
*Age 49 Aois 49*
*Appointed 6 November, 2009; third term*
*Ceaptha 6 Samhain, 2009; tríú téarma*

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game.

Chuaigh Dermot Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur an Phoist mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin mí an Mheithimh 2005 agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála tar éis dó bheith ina Stiúrthóir Forbartha Gnó agus ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin ag an gcuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Services Aux Loteries En Europe a bhainistíonn an cluiche EuroMillions.

### Micheál Ó Muircheartaigh,

N.T., BA., B.Comm., H.D.E., D.P.A.

*Director Stiúrthóir*
*Age 81 Aois 81*
*Appointed 6 November, 2009; sixth term*
*Ceaptha 6 Samhain, 2009; séú téarma*

Mr. Ó Murcheartaigh is a sports' journalist and was a sports' commentator with RTÉ since 1949 until he retired in 2010. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He also served as Chairman of the Board of Guaranteed Irish for nine years.

Iriseoir spóirt é Micheál Ó Muircheartaigh agus ba thráchtaire spóirt é le RTÉ ó 1949 i leith go dtí gur éirigh sé as i 2010. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é, scoil a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir / Chluain Saileach / Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, agus chaith sé trí théarma mar Chathaoirleach ar bhord na scoile. Bhí sé ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge. Ba chomhalta é de chuid Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus é ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. Ba Chathaoirleach é chomh maith ar Bhord Guaranteed Irish ar feadh naoi mbliana.

### Caroline Murphy,

BA, HDip Psych, MA Psych

*Director Stiúrthóir*
*Age 55 Aois 55*
*Appointed 6 November, 2010; first term*
*Ceaptha 6 Samhain, 2010; an chéad téarma*

Ms. Murphy is an organisational psychologist who specialises in Media and Communication Consultancy and Training and Web TV production. She is also a well-known broadcaster and can be heard presenting 'It Says in the Papers' on RTÉ's Morning Ireland. She has worked previously for RTÉ both as a producer and as a presenter of programmes on television and radio. She is a board member of the Family Support Agency and of the National Sports Campus Development Authority.

Síceolaí eagraíochta í Caroline Murphy a dhéanann sainchúram d'Obair Chomhairleachta is Oiliúna sna Meáin agus i gCumarsáid agus freisin i léiriúchán Teilifíse Gréasáin. Craoltóir aithnidiúil í chomh maith agus bíonn sí le cloisteáil ar 'It Says in the Papers' ar chlár Morning Ireland ar RTÉ. Roimhe seo d'oibrigh sí do RTÉ mar léiritheoir agus mar láithreoir chlár ar an teilifís agus ar an raidió. Comhalta í de bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh is d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.

### Oliver Wilkinson

*Director Stiúrthóir*
*Age 67 Aois 67*
*Appointed 30 May, 2008; second term*
*Ceaptha 6 Samhain, 2008; dara téarma*

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir i gCo. Phort Láirge é Oliver Wilkinson agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Cappoquin Community Development Company Limited. Tá saolré fada caite aige sa pholaitíocht ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Bhí se ina bhall de Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 17 mbliana go dtí 2002. Bhí sé ina mhéara ar Chomhairle Contae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go 2007.

### Jack Dempsey

B.Comm., M.B.A., M.P.A.

*Company Secretary Rúnaí Cuideachta*
*Age 61 Aois 61*
*Appointed 21 March, 2011; first term*
*Ceaptha 21 Márta, 2011; an chéad téarma*

Mr. Dempsey joined the Post Office in 1968 as an Executive Officer in the Department of Posts and Telegraphs. During his career, he has gained wide experience in all aspects of postal operations and commercial activities, both national and international, occupying a variety of senior management positions across An Post. He was appointed as Company Secretary in March 2011.

Chuaigh Jack Dempsey chun oibre le hOifig an Phoist i 1968 mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Poist agus Teileagraf. Le linn a shaol oibre fuair sé taithí an-leathan ar gach gné d'oibríochtaí poist agus tráchtála, go náisiúnta is go hidirnáisiúnta, agus é ceaptha i raon de phoist shinsearacha bainistíochta in An Post. Ceapadh é ina Rúnaí Cuideachta mí an Mhárta 2011.

# Management Team
# An Bhainistíocht



**Harry Cooke,**
M.Sc.(Mgmt.), Dip. Applied Fin.

*Head of Operations and Corporate Affairs*
*Ceann ar Oibríochtaí agus Gnóthaí Corparáideacha*

**Declan Harrington,**
F.C.A.

*Head of Finance*
*Ceann Airgeadais*

**Dermot Griffin,**
B.Comm., F.C.C.A.

*Chief Executive*
*Príomhfheidhmeannach*

**Peter Plunkett,**
B.Sc., M. Ind. Eng.

*Head of IT*
*Ceann ar TF*

**Nigel Scully,**
B.B.S., M.B.S.

*Head of Sales*
*Ceannasaí Díolacháin*

**Eddie Banville,**
M.Sc., MGrad, FMII

*Head of Marketing*
*Ceann Margaíochta*

---

**Company Solicitor**
**Aturnae Comhlachta**
*Hugh O'Reilly*

**Bankers**
**Baincéirí**
*Bank of Ireland*

**Auditor**
**Iniúchóir**
*KPMG*
*Chartered Accountants*

**Solicitors**
**Aturnaetha**
*Matheson Ormsby Prentice*

**Registered Office:**
General Post Office,
O'Connell Street, Dublin 1.

**Oifig Chláraithe:**
Ardoifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1.

# Index to Financial Statements
# Innéacs do na Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Report of the Directors<br>Tuarascáil na Stiúrthóirí | 46 |
| Statement of Directors' Responsibilities<br>Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 55 |
| Report of the Independent Auditor<br>Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 56 |
| Accounting Policies<br>Polasaithe Cuntasaíochta | 58 |
| Profit and Loss Account<br>Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 60 |
| Balance Sheet<br>Clár Comhardaithe | 61 |
| Cash Flow Statement<br>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 62 |
| Notes to the Financial Statements<br>Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 63 |

# Report of the Directors

**The Directors have pleasure in submitting their twenty fifth annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December, 2011, in fulfilment of their obligations under the Companies Acts, 1963 to 2009.**

### 1. *The Company*

The Company carries on the business of operating the National Lottery under Licence from the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Public Expenditure and Reform.

### 2. *Results for the Year*

The results for the year are set out on page 60.

### 3. *Business Review*

The information required by Section 13 of the Companies (Amendment) Act, 1986, on the development of the business and important events, is included in the Chairman's Statement and Review of Operations on pages 4 to 41.

As described therein, the Company had a substantial surplus of €232m in 2011 (2010: €244m) to the benefit of the Beneficiary Fund. This resulted from sales of €761m in 2011 (2010: €772m).

In monitoring the Company's performance, the Directors and management have regard to a range of key performance indicators (KPIs).

| KPI | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Prizes as a percentage of sales | 55.5% | 54.4% |
| Operating costs as a percentage of sales | 14.0% | 14.0% |
| Surplus earned as a percentage of sales | 30.5% | 31.6% |
| Spend per capita | €166 | €173 |
| Number of retail outlets | 3,780 | 3,813 |

The above KPIs are within the terms of the Licence to operate the National Lottery.

The key risks and uncertainties facing the future development of the Company include the retention of the Company's licence to operate the National Lottery, the Company's significant reliance upon its IT infrastructure and retailer operations, the impact of general economic factors on the Company and the introduction of new games and channels. The Directors have developed a range of strategies to address these and other risks faced by the Company. The Corporate Governance Statement on page 47 sets out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities.

### 4. *Directors, Secretary and their interests*

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Public Expenditure and Reform for a fixed term, usually three years, and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

The terms of office of Donal Connell, James Hyland and Barbara Patton expired on 5 November, 2011. Donal Connell was reappointed from that date.

Michael Tyndall retired as Company Secretary on 21 March, 2011 and Jack Dempsey was appointed Company Secretary on that date.

The Directors and Secretary who held office at 31 December, 2011 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a gcúigiú tuarascáil bhliantúil is fiche a chur i láthair, maille le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 agus, dá réir, a gcuid dualgas faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 á gcomhlíonadh acu.**

### 1. *An Comhlacht*

Ritheann an Comhlacht a ghnó chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le Ceadúnas ón Aire faoi réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Tá 80% den scairchaipiteal eisithe i lámha An Phoist agus tá 20% ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe

### 2. *Torthaí na Bliana*

Tá torthaí na bliana leagtha amach ar leathanach 60.

### 3. *Athbhreithniú Gnó*

Tá an t-eolas a éilítear faoi réir Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, ar fhorbairt an ghnó agus ar imeachtaí tábhachtacha, clúdaithe i Ráiteas an Chathaoirligh agus san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 4 go 41.

Mar atá ráite ansin, bhí barrachas substaintiúil de €232m i 2011 (2010: €244m) agus cuireadh é chun leasa Chiste na dTairbhithe. D'eascair an toradh seo as díolachán de €761m i 2011 (2010: €772m).

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, tógann na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

| EFT | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Duaiseanna mar chéatadán den díolachán | 55.5% | 54.4% |
| Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán | 14.0% | 14.0% |
| Barrachas tuillte mar chéatadán den díolachán | 30.5% | 31.6% |
| Caiteachas per capita | €166 | €173 |
| Líon na n-asraon miondíola | 3,780 | 3,813 |

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

Ar na heochair-rioscaí agus na neamhchinnteachtaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, má táthar leis an gComhlacht a fhorbairt, tá coinneáil cheadúnas an Chomhlachta chun an Crannchur Náisiúnta a rith, chomh mór is atá an Comhlacht i dtuilleamaí a infreastruchtúr TF agus a oibríochtaí miondíola, éifeacht tosca eacnamaíochta ginearálta ar an gComhlacht agus cluichí is cainéil nua do theacht isteach. Tá raon straitéisí forbartha ag na Stiúrthóirí chun plé leo seo agus le rioscaí eile a gcaithfidh an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu. Tá polasaithe agus cur chuige an Chomhlachta maidir le rioscaí agus gnáthaimh inmheánacha rialaithe gaolmhara leagtha amach sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide ar leathanach 47.

### 4. *Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leas tairbhiúil*

Is é an tAire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta do thréimhse réamhshocraithe, trí bliana sa ghnáthshlí, agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn.

Tháinig tréimhsí oifige Donal Connell, James Hyland agus Barbara Patton chun críche ar 5 Samhain, 2011. Athcheapadh Donal Connell le feidhm ón dáta sin.

D'éirigh Michael Tyndall as bheith ina Rúnaí Cuideachta ar 21 Márta, 2011 agus ceapadh Jack Dempsey mar Rúnaí Cuideachta le feidhm ón dáta sin.

Ní raibh leas tairbhiúil, scaireanna sa Chomhlacht ná bintiúir a bhain leis nó le haon Ghrúp Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig, 2011.

### 5. *Employees*

The Company and An Post, which provides seconded staff to the Company, are equal opportunities employers. All applications for employment are given full and fair consideration, due regard being given to the aptitude and ability of the individual and the requirements of the position concerned.

All persons are treated on equal terms as regards training, career development and promotion.

The well-being of staff working in the Company is safeguarded through the strict adherence to health and safety standards. The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 imposes certain requirements in respect of staff and the Company has taken the necessary action to ensure compliance with the Act, including the adoption of a Safety Statement.

### 6. *Corporate Governance*

Maintaining high standards of corporate governance continues to be a priority of the Directors of An Post National Lottery Company. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the UK Corporate Governance Code dated June 2010 (the 'Code') issued by the Financial Reporting Council in the UK.

While the provisions of the Code are of direct relevance only to listed companies, the Board feels that their application, where appropriate, assists the Company in its compliance with best corporate governance practice.

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies and the Code have been applied within An Post National Lottery Company.

**The Board**

The Company is controlled through its Board of Directors. The Board's main roles are to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which meets monthly during the year, has a schedule of matters reserved for its approval.

The specific responsibilities reserved to the Board include: setting Company strategy and approving an annual budget and medium-term projections; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery, reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans are in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue takes place with shareholders.

The Board has delegated the following responsibilities to management: the development and recommendation of strategic plans for consideration by the Board that reflect the longer-term objectives and priorities established by the Board; implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws, prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

### 5. *Fostaithe*

Fostóirí comhdheise iad an Comhlacht agus An Post, a sholáthraíonn foireann ar shealscarúint don Chomhlacht. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh go hiomlán agus go cothrom agus tugtar aird chuí ar mhianach agus ar chumas an duine agus ar riachtanais an phoist atá i gceist.

Caitear le gach duine ar bhonn cothrom chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint, le forbairt gairme agus le hardú céime a thabhairt.

Déantar cúram de dhea-bhail na foirne, atá ag obair leis an gComhlacht trí chloí go docht le caighdeáin shábháilteachta agus sláinte. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dualgais áirithe i leith na foirne agus tá na céimeanna riachtanacha glactha ag an gComhlacht chun déanamh de réir an Achta. Áirítear orthusan glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

### 6. *Rialachas Corparáide*

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist ardchaighdeán rialachais chorparáide a choinneáil.

D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá i Corporate Governance Code na Ríochta Aontaithe dar dáta Meitheamh 2010 (an 'Cód') a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe.

Siúd is go mbaineann forálacha an Chomhchóid go díreach le cuideachtaí liostáilte amháin, braitheann an Bord go gcuidíonn a bhfeidhmiú mar is cuí leis an gComhlacht chun sár chleachtas rialachais corparáide a chomhlíonadh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus sa Chomhchód i gcás Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

**An Bord**

Rialaítear an Comhlacht trína Bhord Stiúrtha. Is iad príomhróil an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chomhlachta, cinnireacht a sholáthar don Chomhlacht, cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta a fhaomhadh agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile chun gur féidir leo na cuspóirí sin a bhaint amach. Uair sa mhí a thagann an Bord le chéile le linn na bliana. Tá sceideal ábhar atá forchoimeádta le faomhadh ag an mBord.

I measc na sainfhreagrachtaí atá forchoimeádta don Bhord tá: straitéis an Chomhlachta a cheapadh agus an buiséad bliantúil agus na réamh-mheastacháin mheántéarmacha a fhaomhadh; feidhmiú oibríoch agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go bhfuil téarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil á gcomhlíonadh; córais an Chomhlachta um rialú airgeadais agus bainistiú riosca a athbhreithniú; deimhin a dhéanamh de go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm chun forbairt agus comharbaíocht na bainistíochta a chinntiú; feidhmiú an Chomhlachta ó thaobh na timpeallachta agus cúrsaí sláinte is sábháilteachta de a athbhreithniú; ceapadh Rúnaí an Chomhlachta a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go mbíonn idirphlé sásúil ann leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord don bhainistíocht: pleananna straitéiseacha, a bheadh ag teacht le cuspóirí agus le tosaíochtaí fadtéarmacha an Bhoird, a cheapadh agus a mholadh don Bhord le scrúdú; straitéisí agus polasaithe an Chomhlachta, mar atá sonraithe ag an mBord, a fheidhmiú; faireachán a dhéanamh ar thorthaí oibríocha agus airgeadais i gcomparáid le pleananna agus le buiséid; córais rialaithe a fhorbairt do reáchtáil na gcrannchur, tosaíochtaí a cheapadh do chionroinnt acmhainní daonna is teicniúla; agus córais bainistíochta riosca a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

# Report of the Directors

### The roles of the Chairman and Chief Executive

*The Chairman* leads the Board in the determination of its strategy and in the achievement of its objectives. The Chairman is responsible for organising the business of the Board, ensuring its effectiveness and setting its agenda. The Chairman facilitates the effective contribution of non-executive Directors and constructive relations between the executive Director and non-executive Directors, ensures that Directors receive accurate, timely and clear information and manages effective communication with shareholders.

*The Chief Executive* has direct charge of the Company on a day to day basis and is accountable to the Board for the financial and operational performance of the Company.

### Senior Independent Director

The Board has considered the matter of designating a recognised senior member other than the Chairman to whom concerns can be conveyed and, in view of the manner of appointment of Directors, the shareholding structure and existing Board procedures, has concluded it is not necessary in the circumstances.

### Directors and Directors' independence

The Board currently comprises the Chairman, five non-executive Directors and the Chief Executive. The names of the Directors together with their biographical details are set out on pages 42 and 43. The positions of Chairman and Chief Executive are held by different persons. Given its status as a State Company, its shareholding structure and the appointment of the Directors by the Minister, the Board believes that the criteria normally used by the board of a listed Company in considering the independence of its Directors do not apply to the Company. The Board includes independent non-executive Directors who constructively challenge and help develop proposals on strategy, bring strong, independent judgement, knowledge, and experience to the Board's deliberations. These independent Directors are of sufficient calibre and number that their views carry significant weight in the Board's decision making.

All of the non-executive Directors are independent of management. During the year, the Board included both the Chief Executive of the Company's parent company, An Post, as Chairman and James Hyland, a non-executive director of An Post. The Board considers all other non-executive Directors to be independent on the basis of the following:

- they have not been an employee of the Company;
- they have no material business relationship with the Company, nor have they had any within the last three years;
- they receive no remuneration other than through Director's fees;
- they have no close family ties with any of the Company's advisers, Directors or senior employees; and
- they hold no cross-directorships and have no significant links with other Directors through involvement in other companies or bodies.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

### Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é *An Cathaoirleach* a threoraíonn an Bord maidir le cinneadh polasaí agus le baint amach a chuid cuspóirí. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, as a éifeacht a chinntiú agus as an clár gnó a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus deachaidreamh idir iad agus an Stiúrthóir feidhmiúcháin agus cinntíonn sé go bhfaigheann na Stiúrthóirí eolas cruinn, tráthúil agus soiléir. Bainistíonn sé freisin cumarsáid éifeachtach leis na scairshealbhóirí.

Is ag *an bPríomhfheidhmeannach* atá údarás díreach ar an gComhlacht ó lá go chéile agus tá sé freagrach don Bhord as feidhmiú oibríoch agus airgeadais an Chomhlachta.

### Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách

Scrúdaigh an Bord an fhéidearthacht go gceapfaí comhalta sinsearach inaitheanta, seachas an Cathaoirleach, mar dhuine go bhféadfaí ábhair imní a chur faoina bhráid agus i ngeall ar an tslí ina gceaptar Stiúrthóirí, struchtúr an scairchaipitil agus gnáthaimh reatha an Bhoird, shocraigh an Bord nach mbeadh a leithéid de shocrú riachtanach faoi na cúinsí sin.

### Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

San am i láthair, is iad comhaltaí an Bhoird an Cathaoirleach, cúigear Stiúrthóir neamh fheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach. Tá ainmneacha na Stiúrthóirí mar aon lena sonraí beathaisnéise leagtha amach ar leathanaigh 42 agus 43. Daoine difriúla atá i bpost an Chathaoirligh agus i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh. Nuair a chuirtear san áireamh gur comhlacht Stáit atá i gceist, struchtúr an scairchaipitil agus gurb é an tAire a cheapann na Stiúrthóirí, measann an Bord nach dtagann na gnáth-chritéir, a d'úsáidfeadh stiúrthóirí chuideachta liostáilte chun neamhspleáchas a Stiúrthóirí a mheas, i bhfeidhm sa chás seo. Áirítear ar an mBord Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha a cheistíonn ar bhealach dearfach moltaí faoi chúrsaí straitéise agus a chabhraíonn le hiad a fhorbairt. Thairis sin, tugann siad breithiúnas láidir, neamhspleách, maille le heolas agus taithí agus ceisteanna á scrúdú ag an mBord. Tá na Stiúrthóirí neamhspleácha líonmhar a dhóthain agus de chaighdeán sách ard le go mbeadh tionchar nach beag ag a dtuairimí ar chinntí an Bhoird.

Tá na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin uile neamhspleách ar an mbainistíocht. Le linn na bliana seo ghabh tharainn, ba chomhaltaí den Bhord iad príomhfheidhmeannach mháthair-chuideachta an Chomhlachta, An Post, atá ina Chathaoirleach, agus James Hyland, stiúrthóir neamh fheidhmiúcháin ar An Post. Measann an Bord na Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin eile a bheith neamhspleách ar na cúiseanna seo a leanas:

- nárbh fhostaí ag an gComhlacht iad;
- nach bhfuil aon ghaol gnó ábhartha acu leis an gComhlacht agus nach raibh aon ghaol den chineál sin acu le trí bliana anuas;
- nach bhfuil aon luach saothair, seachas a dtáillí mar Stiúrthóirí, á fháil acu;
- nach bhfuil aon ghaol gairid clainne acu le haon chomhairleoir, stiúrthóir nó fostaí sinsearach de chuid an Chomhlachta; agus
- nach bhfuil tras-stiúrthóireachtaí acu ná aon cheangal suaithinseach le Stiúrthóirí eile trí chuideachtaí nó comhlachtaí eile.

# Report of the Directors

The National Lottery Act, 1986, prescribes that the number of directors of the Company shall be seven. The authority regarding selection, nomination and appointment of the Directors is directly vested with the Company's shareholders. As such considerations such as board composition, board appointments and board renewal rest with the Company's shareholders rather than with the Board.

The Code requires the Chairman to hold meetings with the non-executive Directors without the executive Director being present. The Board has formal procedures in place in this regard.

Directors have the right to ensure that any concerns they have, which cannot be resolved, about the running of the Company or a proposed action, are recorded in the Board minutes. In addition, upon resignation, a non-executive Director will be asked to provide a written statement to the Chairman, for circulation to the Board, if they have any such concerns.

The Directors are given access to independent professional advice at the Company's expense, when the Directors deem it is necessary in order for them to carry out their responsibilities.

**Professional development**

On appointment, all new Directors take part in an induction programme when they receive information about the Company, the role of the Board and the matters reserved for its decision, the terms of reference and membership of the Board and its principal committees, the Company's corporate governance practices and procedures, including the responsibilities delegated to Company senior management, and the latest financial information about the Company. This will typically be supplemented by meetings with key senior executives. Throughout their period in office, the Directors are continually updated on the Company's business, the competitive and regulatory environments in which it operates, corporate social responsibility matters and other changes affecting the Company and the lottery industry as a whole, by written briefings and meetings with senior executives. Directors are also advised on appointment of their legal and other duties and obligations as a Director, both in writing and in face-to-face meetings with the Company Secretary. They are also updated on changes to the legal and governance requirements of the Company and upon themselves as Directors.

**Performance evaluation**

All Directors are appointed to the Board by the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with Section 14 of the National Lottery Act, 1986 and their terms of office (generally three years) are set out in writing.

The Board has adopted and performed a formal process for the annual evaluation of the performance of the Board and its principal Committees. The Board considers that the introduction of any further formal evaluation of individual Directors is not necessary given the manner of appointment of Directors, the shareholding structure and existing Board procedures. During the year, an evaluation of the performance of the Board was conducted.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Leagtar amach faoi fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986 gurb é seachtar líon na stiúrthóirí ar an gComhlacht. Tá an t údarás a bhaineann le roghnú, ainmniú agus ceapadh na Stiúrthóirí dílsithe i scairshealbhóirí an Chomhlachta. Baineann aon cheist, dála comhdhéanamh an Bhoird, ceapacháin ar an mBord nó athnuachan an Bhoird, le scairshealbhóirí an Chomhlachta seachas leis an mBord.

Faoin gComhchód tá dualgas ar an gCathaoirleach cruinnithe a bheith aige leis na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin gan an Stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá gnáthaimh fhoirmiúla chuige seo i bhfeidhm ag an mBord.

Tá sé de cheart ag Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcláraítear i miontuairiscí an Bhoird aon ábhar imní gan réiteach atá acu faoi reáchtáil an Chomhlachta nó faoi bheart atá molta. De bhreis air sin, iarrfar ar aon Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin a éiríonn as oifig, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach, le cur thart ar an mBord, má tá aon ábhar imní aige.

Cuirtear comhairle neamhspleách phroifisiúnta ar fáil do na Stiúrthóirí ar chostas an Chomhlachta má shíleann na Stiúrthóirí go bhfuil gá lena leithéid le go bhfeadfaidís a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

**Forbairt Phroifisiúnta**

Arna gceapadh dóibh glacann na Stiúrthóirí nua go léir páirt i gcúrsa intreorach mar a bhfaigheann siad eolas i dtaobh an Chomhlachta, ar ról an Bhoird agus na nithe atá forchoimeádta dá chinneadh, ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht an Bhoird agus phríomhchoistí an Bhoird, ar chleachtas is ar ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Chomhlachta, ina measc na freagrachtaí atá tarmligthe le bainisteoirí sinsearacha an Chomhlachta, maille leis an eolas airgeadais is déanaí faoin gComhlacht. De ghnáth, cuirtear leis seo trí chruinnithe le heochair fheidhmeannaigh sinsearacha. Le linn a dtréimhsí oifige coinnítear Stiúrthóirí suas chun dáta ar ghnóthaí an Chomhlachta, ar na tosca iomaíocha agus rialála faoin a bhfuil sé ag gníomhú, ar fhreagracht shóisialta chorparáideach agus ar athruithe eile a bhfuil éifeacht acu ar an gComhlacht agus ar thionscal na gcrannchur ina iomláine. Déantar é seo trí mhionteagasc i scríbhinn agus trí chruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha. Arna gceapadh dóibh, cuirtear Stiúrthóirí ar an eolas freisin faoin a gcuid dualgas agus oibleagáidí dlíthiúla agus eile mar Stiúrthóirí. Déantar é seo i scríbhinn agus ag cruinnithe aghaidh ar aghaidh le Rúnaí an Chomhlachta. Coinnítear suas chun dáta iad chomh maith faoi athruithe i riachtanais dlíthiúla agus rialachais an Chomhlachta agus a gcuid féin mar Stiúrthóirí.

**Meastóireacht ar Fheidhmiú**

Ceapann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na Stiúrthóirí uile ar an mBord faoi réir Alt 14 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus leagtar amach a dtréimhsí oifige (trí bliana sa ghnáthshlí) i scríbhinn.

Tá glactha ag an mBord le próiseas foirmiúil chun meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Bhoird agus a phríomhchoistí. Tá an Bord den tuairim nach mbeadh aon mheastóireacht fhoirmiúil bhreise ar Stiúrthóirí aonair riachtanach nuair a chuirtear san áireamh an tslí ina gceaptar Stiúrthóirí, an struchtúr scairsheilbhe agus na gnáthaimh atá ag an mBord faoi láthair. Le linn na bliana, rinneadh meastóireacht ar fheidhmiú an Bhoird.

# Report of the Directors

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**The Company Secretary**
The Company Secretary is a full time employee of the Company's parent company, An Post. The Company Secretary is responsible for advising the Board, through the Chairman, on all governance matters. All Directors have access to the advice and services of the Company Secretary. The Company's Articles of Association provide that the appointment and removal of the Company Secretary is a matter for the full Board.

**Information**
Regular reports and papers are circulated to the Directors in a timely manner in preparation for Board and Committee meetings. These papers are supplemented by information specifically requested by the Directors from time to time.

The non-executive Directors receive monthly management accounts and regular management reports and information which enables them to scrutinise the Company's and management's performance against agreed objectives.

**Relations with shareholders**
The Board and management maintain an ongoing dialogue with the Company's shareholders on strategic issues. In addition, under the National Lottery Act, 1986, certain operational matters require the approval of the Minister for Public Expenditure and Reform in respect of which ongoing contact with the Minister is maintained.

The Chairman gives feedback to the Board on issues raised with him by the shareholders. All Directors normally attend the Annual General Meeting and shareholders are invited to ask questions during the meeting and to meet with Directors after the formal proceedings have ended.

**Internal Control and Risk Management**
An ongoing process exists for identifying, evaluating and managing the significant risks faced by the Company. This process, which is based on the Code Guidance for directors issued by the Institute of Chartered Accountants in England and Wales (the Turnbull Guidance), is periodically reviewed by the Directors and has been in place throughout the accounting period and up to the date the financial statements were approved.

In accordance with the guidance of the Turnbull committee, the Directors are responsible for the Company's system of internal control, should set appropriate policies on internal control, should seek regular assurance that will enable them to satisfy themselves that the system is functioning effectively and should ensure that the system of internal control is effective in managing risks in the manner which it has approved. Such a system is designed to manage rather than eliminate business risks and can provide only reasonable rather than absolute assurance against material misstatement or loss.

The Directors have continued to review the effectiveness of the Company's system of financial and non-financial controls, including operational and compliance controls, risk management and the Company's high level internal control arrangements. These reviews have included an assessment of internal controls by management, management assurance of the maintenance of controls, reports from the internal auditor and reports from the external auditor on matters identified in the course of its statutory audit work.

The Company views the careful management of risk as a key management activity. Managing business risk to deliver opportunities is a key element of all activities. This is done using a simple and flexible framework which provides a consistent and sustained way of implementing the Company's values. These business risks, which may be strategic, operational, reputational, financial or environmental, should be understood and visible. The business context determines in each situation the level of acceptable risk and controls.

**Rúnaí an Chomhlachta**
Fostaí lánaimseartha de chuid na máthair-chuideachta, An Post, é Rúnaí an Chomhlachta. Tá Rúnaí an Chomhlachta freagrach as eolas a choinneáil leis an mBord tríd an gCathaoirleach ar gach gnó rialachais. Tá fáil ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle is ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta. Faoi réir na nAirteagal Comhlachais is gnó don Bhord ina iomláine é Rúnaí an Chomhlachta a cheapadh is a bhriseadh.

**Eolas**
Cuirtear tuarascála agus páipéir thart ar na Stiúrthóirí in am tráth do chruinnithe Boird is Coistí. Cuirtear leis na páipéir seo trí eolas ar leith a sholáthar de réir mar a iarrann Stiúrthóirí é ó am go chéile.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais mhíosúla bainistíochta maille le tuairiscí agus eolas rialta ón mbainistíocht, rud a chuireann ar a gcumas mionscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na bainistíochta agus an Chomhlachta i gcomparáid le spriocanna aontaithe.

**Caidreamh le Scairshealbhóirí**
Bíonn idirphlé leanúnach idir an Bord is an bhainistíocht le scairshealbhóirí an Chomhlachta faoi nithe straitéiseacha. Thairis sin, faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986, ní mór faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil do ghnóthaí oibríocha áirithe agus chuige sin coinnítear teagmháil leanúnach leis an Aire.

Tugann an Cathaoirleach aiseolas don Bhord ar cheisteanna a thógann na scairshealbhóirí leis. Is gnách leis na Stiúrthóirí uile freastal ar an gCruinniú Cinnbhliana agus tugtar cuireadh do na scairshealbhóirí ceisteanna a chur le linn an chruinnithe agus casadh ar na Stiúrthóirí nuair a bhíonn deireadh leis na himeachtaí foirmiúla.

**Rialú Inmheánach & Bainistíocht Rioscaí**
Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo bunaithe ar Threoracha an Chomhchóid do stiúrthóirí a d'eisigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (Treoracha Turnbull). Athbhreithníonn na Stiúrthóirí é ó am go chéile agus bhí feidhm leo le linn na tréimhse cuntasaíochta suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Faoi réir na treorach a thugann coiste Turnbull, tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta. Ba chóir dóibh polasaithe cuí ar rialú inmheánach a shocrú, deimhniú a lorg go rialta a shásóidh iad go bhfuil an córas ag feidhmiú go héifeachtach agus ní mór dóibh a bheith sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú ar an dóigh a faomhadh. Ceaptar córas mar seo chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas fáil réidh leo agus ní thig leis ach barántas réasúnta, seachas barántas iomlán, a thabhairt in aghaidh aon mhíráiteas ábhartha nó caillteanas.

Lean na Stiúrthóirí de bheith ag athbhreithniú éifeacht chóras rialaithe airgeadais agus neamh-airgeadais an Chomhlachta, ina measc rialúchán oibríoch agus géilliúntais, bainistíocht rioscaí agus socruithe rialaithe ardleibhéil an Chomhlachta. Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh meastóireacht ar rialúcháin inmheánacha na bainistíochta, ar dheimhnithe ón mbainistíocht go leantar den rialú, ar thuairiscí ón iniúchóir inmheánach agus ar thuairiscí ón iniúchóir seachtrach ar chúrsaí a aithníodh agus an obair reachtúil iniúchóireachta ar bun.

Tá an Comhlacht den tuairim gur eochair-ghníomhaíocht de chuid na bainistíochta é bainistiú cáiréiseach a dhéanamh ar rioscaí. Buneilimint i ngach gníomhaíocht é rioscaí gnó a bhainistiú chun deiseanna a thapú. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as frámaíocht shimplí sholúbtha a chruthaíonn bealach buan agus seasmhach chun luachanna an Chomhlachta a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na rioscaí gnó seo, bídís ina rioscaí straitéiseacha, oibríocha, dea-cháile, airgeadais nó timpeallachta, intuigthe agus sofheicthe. I ngach cúinse, is é an comhthéacs gnó a shocraíonn leibhéal inghlactha rialú rioscaí agus rialúchán.

The key risks facing the Company, as identified on page 46, have been considered throughout the year by the Board and management. The management of these risks includes frequent interaction with the Company's shareholders, identification of measures to mitigate the risks identified and consideration of contingency measures. External advisors have been consulted in this regard as required.

Management is responsible for the identification and evaluation of significant risks and for the design and implementation of appropriate internal controls. These risks are assessed on an ongoing basis and are derived from a variety of external and internal sources. Management reports regularly to the Board on the key risks inherent in the business and on the way in which these risks are managed. Management also reports to the Board on any significant changes in the Company's business and on any risks associated with such changes. The process used to identify and manage key risks is an integral part of the internal control environment.

The key procedures which the Directors have established with a view to providing effective internal control are as follows:

- A clear focus on business objectives as determined by the Board after consideration of the statutory responsibilities and risk profile of the Company's business.
- A defined organisational structure with clear lines of responsibility, delegation of authority and segregation of duties designed to foster a beneficial control environment.
- A risk management process which considers the strategy and development of the business in the context of the annual budget process when financial plans and performance targets are set and reviewed by the Board in light of the Company's overall objectives.
- A report and control system which produces a comprehensive set of financial reports. The annual budget is approved by the Board. Key financial statistics are monitored by management on a daily basis. Actual results are reported monthly against budget and any significant adverse variances are examined and remedial action taken.
- Control procedures – comprehensive procedures manuals are maintained by the Company in respect of all its main activities. In particular, there are clearly defined limits and procedures for financial expenditure, including procurement and capital expenditure, and for all draw operations.
- Monitoring system – compliance with control objectives is monitored on an ongoing basis by management. The control system is also monitored by internal audit whose work is focused on the areas of greatest risk to the Company.

The Company has procedures to ensure that appropriate arrangements are in place for employees to be able to raise, in confidence, matters of possible impropriety, with suitable subsequent follow-up action. Reporting channels have been created whereby perceived wrongdoing may be reported orally and via post, telephone and email, anonymously if preferred.

Bhreithnigh an Bord agus an bhainistíocht le linn na bliana ar fad na heochair-rioscaí ar aghaidh an Chomhlachta amach, mar atá siad luaite ar leathanach 46. Éilíonn bainistiú na rioscaí seo idirbheartaíocht go minic le scairshealbhóirí an Chomhlachta, céimeanna chun na rioscaí a aithníodh a mhaolú agus machnamh a dhéanamh ar chéimeanna teagmhasacha. Chuige sin, glacadh comhairle ó chomhairleoirí seachtracha de réir mar ba ghá.

Ar an mbainistíocht atá an fhreagracht chun rioscaí suntasacha a aithint agus a mheas agus as rialúcháin inmheánacha cuí a cheapadh is a chur i bhfeidhm. Déantar meastóireacht leanúnach ar na rioscaí seo agus í bunaithe ar raon foinsí inmheánacha agus seachtracha. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don Bhord ar na príomh-rioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an tslí ina ndéantar bainistiú ar na rioscaí. Tuairiscíonn an bhainistíocht don Bhord freisin ar athruithe suntasacha i ngnóthaí an Chomhlachta agus aon rioscaí a eascraíonn as na hathruithe seo. Dlúthchuid den timpeallacht inmheánach rialaithe é an próiseas a úsáidtear chun na príomh-rioscaí a aithint agus a bhainistiú.

Seo a leanas na príomh-ghnáthaimh a cheap na Stiúrthóirí chun rialú inmheánach éifeachtach a chinntiú:

- Fócas grinn ar na cuspóirí gnó, mar atá leagtha amach ag an mBord, tar éis na freagrachtaí reachtúla is próifíl riosca an Chomhlachta a thabhairt san áireamh.
- Struchtúr sainithe eagraíochta le línte soiléire freagrachta, tarmligean údaráis agus dealú dualgas a cheapadh chun timpeallacht tairbheach rialaithe a chothú.
- Próiseas bainistiú rioscaí a thugann san áireamh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs phróiseas bliantúil an bhuiséid nuair a leagann an Bord amach is mar a athbhreithníonn sé pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmithe i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána an Chomhlachta.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a chuireann ar fáil tacar uileghabhálach de thuairiscí airgeadais. Faomhann an Bord an buiséad bliantúil. Déanann an bhainistíocht meastóireacht go laethúil ar eochair-staitisticí airgeadais. Tuairiscítear na torthaí iarbhíre míosúla i gcomparáid leis an mbuiséad agus scrúdaítear difríochtaí substaintiúla diúltacha agus féachtar le hiad a cheartú.
- Gnáthaimh rialaithe – coinníonn an Comhlacht lámhleabhair chuimsitheacha gnáthaimh ar a phríomh-imeachtaí uile. Tá, ach go háirithe, teorainneacha agus gnáthaimh leagtha amach go soiléir faoi chaiteachas airgid. Áirítear anseo soláthairtí, caiteachas caipitil agus reáchtáil na gcrannchur.
- Córas faireacháin – déanann bainistíocht an Chomhlachta faireachán ar chomhlíonadh na gcuspóirí rialaithe ar bhonn leanúnach. Déantar faireachán ar an gcóras rialaithe freisin trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar na gnéithe úd is mó riosca don Chomhlacht.

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an gComhlacht a chinntíonn gur féidir le fostaithe ceisteanna faoi aon iompar míchuí, a fhéadfadh a bheith ann, a ardú faoi dhiscréid agus go leantar an cheist ansin ar bhealach cuí. Tá bealaí tuairiscithe ceaptha trínar féidir aon iompar míchuí, a mheastar a bheith ann, a thuairisciú de bhéal, tríd an bpost, thar an teileafón nó i ríomhphost, agus é sin gan ainm a thabhairt más fearr sin.

# Report of the Directors

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

### Attendance at Board and Board Committee meetings

The following table shows the number of Board and Board Audit & Risk Committee meetings held during the year ended 31 December, 2011 and the attendance records of individual Directors.

| | Board meetings | Audit & Risk Committee meetings |
|---|---|---|
| **Total number of meetings** | **11** | **4** |
| Donal Connell | 11 (11) | 1 (1) |
| Dermot Griffin | 11 (11) | – |
| James Hyland | 9 (9) | 3 (3) |
| Micheál Ó Muircheartaigh | 9 (11) | 3 (4) |
| Caroline Murphy | 10 (11) | 1(1) |
| Barbara Patton | 8 (9) | 3 (3) |
| Oliver Wilkinson | 11 (11) | – |

Figure in brackets indicate maximum number of meetings in the period in which the individual was eligible to attend the Board / Committee meeting.

### Directors' remuneration

The remuneration of the Chief Executive is subject to the approval of the Board of the Company. The objective is to maintain the remuneration of the Chief Executive at a level which is attractive to the individual while, at the same time, representing value for money for the Company. A proportion of the Chief Executive's remuneration is performance related and, in this way, is linked to the Company and individual objectives.

Fees for Directors are determined by the Minister for Public Expenditure and Reform.

No Director has a service contract with the Company. No executive Director serves as a paid non-executive Director elsewhere.

The Board:

- determines the remuneration and other terms and conditions of employment of the Chief Executive;
- determines the pay structures and terms and conditions of other senior personnel;
- takes all decisions related to pay and pay related matters; and
- considers any other matters which it deems to be relevant to the foregoing.

The disclosures made in these financial statements (note 5) relating to Directors' emoluments and pension information are those required under the Irish Companies Acts, 1963 to 2009.

### Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Léiríonn an tábla thíos líon na gcruinnithe a bhí ag an mBord agus ag Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí an Boird le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011 maille leis an bhfreastal a rinne gach Stiúrthóir.

| | Cruinnithe Boird | Cruinnithe an Choiste Inúchói-reachta agus Rioscaí |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na gcruinnithe** | **11** | **4** |
| Donal Connell | 11 (11) | 1 (1) |
| Dermot Griffin | 11 (11) | – |
| James Hyland | 9 (9) | 3 (3) |
| Micheál Ó Muircheartaigh | 9 (11) | 3 (4) |
| Caroline Murphy | 10 (11) | 1(1) |
| Barbara Patton | 8 (9) | 3 (3) |
| Oliver Wilkinson | 11 (11) | – |

Léiríonn an figiúr faoi lúibíní líon iomlán na gcruinnithe le linn na tréimhse nuair a bhí an duine i dteideal freastal ar chruinniú den Bhord / Choiste.

### Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní mór don Bhord an Chomhlachta luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh. Tá sé mar chuspóir luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a choinneáil ar leibhéal a bheadh mealltach dó agus, ag an am céanna, a thabharfadh luach maith airgid don Chomhlacht. Íoctar sciar de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir feidhmíochta agus, ar an dóigh seo, tá baint aige le cuspóirí an Chomhlachta agus leis an duine aonair.

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn táillí na Stiúrthóirí.

Níl conradh seirbhíse ag aon Stiúrthóir leis an gComhlacht. Ní fheidhmíonn aon Stiúrthóir feidhmeach mar Stiúrthóir neamh-fheidhmeach faoi íocaíocht áit ar bith eile.

Socraíonn an Bord:

- luach saothair agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh;
- an struchtúr tuarastail is téarmaí oibre agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí sinsearacha eile foirne;
- na cinntí uile a bhaineann le tuarastal agus le nithe a bhaineann le tuarastaloird; agus
- measúnú a dhéanamh ar nithe eile a shíleann sé a bheith ábhartha do na gnóthaí thuasluaite.

Is éard atá san fhaisnéisiú atá déanta sna ráitis airgeadais seo (nóta 5) a bhaineann le luach saothair nó le heolas pinsin na Stiúrthóirí, ná an faisnéisiú a éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 in Éirinn.

**The Audit & Risk Committee**

During the year, the Audit & Risk Committee comprised of Micheál Ó Muircheartaigh and up to 5 November, 2011, James Hyland and Barbara Patton, and from 28 November, 2011, Caroline Murphy and Donal Connell. Micheál Ó Muircheartaigh currently acts as Chairman of the Committee. All the members of the Committee are independent non-executive Directors.

Members of the Committee bring to it a wide range of experience from senior positions in business.

Under its terms of reference, the Audit & Risk Committee monitors the integrity of the Company's financial statements. The Committee is responsible for monitoring the effectiveness of the external audit process and making recommendations to the Board in relation to the appointment, re-appointment and remuneration of the external auditors. It is responsible for ensuring that an appropriate relationship between the Company and the external auditors is maintained, including reviewing non-audit services and fees. As a result of regulatory or similar requirements, it is necessary to employ the Company's external auditors for certain audit related and non-audit services. In order to maintain the independence of the external auditors, the Committee has determined policies as to what audit related and non-audit services can be provided by the Company's external auditors and the approval process related to these services. In particular, the Board considers it appropriate that independent observer and draw related services, which are the principal constituent of audit related fees paid, be performed by the external auditors. Under these policies, work of a consultancy nature will not be offered to the external auditors unless there are clear efficiencies and value added benefits to the Company while ensuring that the objectivity and independence of the external auditors is maintained. The Committee monitors the level of fees paid to the external auditors.

The Committee reviews annually the Company's systems of internal control and the processes for monitoring and evaluating the risks facing the Company.

The Committee meets with management, as well as privately with the external auditors.

In 2011, the Committee discharged its responsibilities by:

- reviewing the Company's draft financial statements prior to Board approval and meeting and reviewing with the external auditors their reports thereon;
- reviewing the appropriateness of the Company's accounting policies;
- reviewing the potential impact on the Company's financial statements of significant matters;
- reviewing the resources of internal audit, approving the internal audit plans, reviewing internal audit reports and dealing with control issues raised by the internal auditors;
- reviewing and approving the audit fee and reviewing non-audit fees payable to the Company's external auditors;
- reviewing the external auditors' plan for the audit of the Company's financial statements, confirmations of auditor independence and the proposed audit fee, and approving the terms of engagement for the audit;
- considering the adequacy of the Company's system of risk identification and assessment;
- considering the key risks faced by the Company, such as the retention of the licence to operate the National Lottery, the integrity of operations and the impact of the economy on the Company, and the measures in place to mitigate the risks;
- reviewing an annual report on the Company's systems of internal control and its effectiveness, reporting to the Board on the results of the review and receiving regular updates on key risk areas of financial control.

**An Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí**

Le linn na bliana b'iad Micheál Ó Muircheartaigh, agus suas go dtí 5 Samhain, 2011 James Hyland agus Barbara Patton, agus ó 28 Samhain, 2011 Caroline Murphy agus Donal Connell comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta & Rioscaí. Micheál Ó Muircheartaigh a fheidhmíonn faoi láthair mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Stiúrthóirí neamh fheidhmiúcháin neamhspleácha iad comhaltaí uile an choiste.

Tá taithí leathan ag comhaltaí an choiste de bharr poist thábhachtacha sa saol gnó a bheith acu.

Faoina théarmaí tagartha, déanann an Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí faireachán ar ionracas ráitis airgeadais an Chomhlachta. Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas an iniúchta seachtraigh agus as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceapadh, athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí seachtracha. Tá sé freagrach chomh maith as deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar gaol cuí idir an Comhlacht agus na hiniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar sheirbhísí is ar tháillí neamh-iniúchóireachta san áireamh. De bharr riachtanais rialacháin nó cinn dá shórt, is gá iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a fhostú le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an iniúchadh agus cinn neamh-iniúchóireachta. Chun go gcaomhnófaí neamhspleáchas na n iniúchóirí seachtracha, rianaigh an Coiste Inúchóireachta polasaithe faoi na seirbhísí, idir sheirbhísí a bhaineann leis an iniúchadh agus sheirbhísí neamh iniúchóireachta, a fhéadfadh iniúchóirí seachtracha an Chomhlachta a sholáthar agus faoin bpróiseas chun na seirbhísí seo a fhaomhadh. Measann an Bord, ach go háirithe, go bhfuil sé cuí gurb iad na hiniúchóirí seachtracha a sholáthródh seirbhísí mar bhreathnadóir neamhspleách agus seirbhísí a bhaineann leis an gcrannchur, ar phríomhghné iad de na táillí iniúchóireachta a íoctar. De réir na bpolasaithe seo, ní dhéantar obair chomhairleoireachta a thairiscint do na hiniúchóirí seachtracha mura bhfuil buntáistí soiléire éifeachtachta agus breisluacha le fáil ag an gComhlacht agus oibiachtúlacht is neamhspleáchas na n iniúchóirí seachtracha a bheith slán i gcónaí. Déanann an Coiste faireachán ar leibhéal na dtáillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha.

Athbhreithníonn an Coiste go bliantúil córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus na modhanna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu.

Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht agus freisin go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtracha.

Le linn 2011 chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta a chuid dualgas trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Chomhlachta sular dhein an Bord iad a fhaomhadh agus trí chasadh ar na hiniúchóirí seachtracha is a dtuairiscí ar na ráitis airgeadais a athbhreithniú i bpáirt leo;
- oiriúnacht pholasaithe cuntasaíochta an Chomhlachta a athbhreithniú;
- an éifeacht fhéideartha a fhéadfadh a bheith ar ráitis airgeadais an chomhlachta ag rudaí suntasacha a athbhreithniú;
- acmhainní an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, pleananna an iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh, tuairiscí an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le ceisteanna suntasacha a thógann na hiniúchóirí inmheánacha;
- táille an iniúchta agus táillí neamh-iniúchóireachta, iníoctha le hiniúchóirí seachtracha an Chomhlachta, a athbhreithniú is a fhaomhadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna na n-iniúchóirí seachtracha chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, ar dheimhnithe ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí is ar an táille a mholtar don iniúchadh agus téarmaí an chonartha don iniúchadh a fhaomhadh;
- leordhóthaineacht chóras an Chomhlachta chun rioscaí a aithint is a thomhas, a mheas;
- na heochair-rioscaí, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, dála coinneáil an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil, sláine a n-oibríochtaí agus éifeacht an gheilleagair ar an gComhlacht, agus na céimeanna atá glactha chun na rioscaí a mhaolú;
- tuairisc bhliantúil ar chórais an Chomhlachta um rialú inmheánach agus a éifeachtúlacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe agus tuairiscí suas-chun-dáta a fháil go rialta ar eochair-ghnéithe riosca den rialú airgeadais.

# Report of the Directors

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Nomination Committee**
As all the authority regarding the appointment of Directors is vested with the Minister for Public Expenditure and Reform, the matter of constituting a nomination committee is not required to be considered by the Board.

**Compliance statement**
The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the Code issued by the Financial Reporting Council in the UK.

The Directors confirm that the Company has been in compliance with the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies and the relevant main and supporting principles of the Code throughout the financial year under review, with the exception of a number of areas noted above where voluntary compliance with the Code is not considered necessary for the Company given the manner of appointment of Directors, the shareholding structure of the Company and existing Board procedures.

**Going Concern**
The Directors have reviewed the Company's business plan and other relevant information including the terms of the licence extension granted by the Minister for Public Expenditure and Reform to the Company for the operation of the National Lottery until 30 June, 2013. On that basis, the Directors have a reasonable expectation that the Company will continue in operational existence for the foreseeable future. For this reason, the Directors continue to adopt the going concern basis in preparing the financial statements.

**Accounting Records**
The Directors believe that they have complied with the requirements of Section 202 of the Companies Act, 1990 with regard to books of account by employing accounting personnel with appropriate expertise and by providing adequate resources to the financial function. The books of account of the Company are maintained at An Post National Lottery Company Headquarters, Lower Abbey Street, Dublin 1.

## 7. *Auditors*

KPMG, Chartered Accountants, continue in office in accordance with Section 160(2) of the Companies Act, 1963.

On behalf of the Board

**Donal Connell,**
Chairman

**Dermot Griffin,**
Chief Executive

21 February, 2012

**Coiste Ainmniúcháin**
Toisc go bhfuil iomlán an údaráis a bhaineann le ceapadh Stiúrthóirí dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ní gá don Bhord déileáil le coiste ainmniúcháin a bhunú.

**Ráiteas Géilliúntais**
D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá sa Chomhchód a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon an Comhlacht an Cód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit maille le príomhphrionsabail agus prionsabail thacaíochta ábhartha an Chomhchóid le linn na bliana airgeadais atá faoi chaibidil, ach amháin i gcás líon áirithe réimsí a luadh thuas nuair a measadh nach mbeadh comhlíonadh deonach an Chomhchóid riachtanach don Chomhlacht nuair chuirtear san áireamh an tslí ina cheaptar na Stiúrthóirí, struchtúr scairsheilbhe an Chomhlachta agus gnáthaimh reatha an Bhoird.

**Gnóthas Leantach**
D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí plean gnó an Chomhlachta agus eolas ábhartha eile, ina measc an ceadúnas a thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Chomhlacht chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil go dtí 30 Meitheamh 2013. Ar an mbonn sin, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Comhlacht de bheith ag feidhmiú go ceann i bhfad. Ar an gcúis sin, leanann na Stiúrthóirí orthu de bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbonn gur gnóthas leantach é an Comhlacht.

**Taifid Chuntasaíochta**
Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 i dtaca leis na leabhair chuntasaíochta trí fhoireann cuntasaíochta, leis an saineolas cuí, a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil do na feidhmeanna cuntasaíochta. Coinnítear leabhair chuntas in Ard-Oifig Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist, ag Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

## 7. *Iniúchóirí*

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, orthu in oifig faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**Donal Connell,**
Cathaoirleach

**Dermot Griffin,**
Príomhfheidhmeannach

21 Feabhra, 2012

# Report of the Independent Auditor

to the Members of An Post National Lottery Company

### Basis of Audit Opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland) issued by the Auditing Practices Board. An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgements made by the Directors in the preparation of the financial statements and of whether the accounting policies are appropriate to the Company's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

We planned and performed our audit so as to obtain all the information and explanations which we considered necessary in order to provide us with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming our opinion, we also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

### Opinion

In our opinion, the financial statements:

- give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of affairs of the Company as at 31 December, 2011 and of its surplus for the year then ended; and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Acts, 1963 to 2009.

### Other matters

We have obtained all the information and explanations we considered necessary for the purposes of our audit. In our opinion, proper books of account have been kept by the Company. The financial statements are in agreement with the books of account.

In our opinion, the information given in the Report of the Directors on pages 46 to 54 is consistent with the financial statements.

The net assets of the Company, as stated in the balance sheet on page 61, are more than half of the amount of its called up share capital and, in our opinion, on that basis there did not exist at 31 December, 2011 a financial situation which, under Section 40(1) of the Companies (Amendment) Act, 1983, would require the convening of an extraordinary general meeting of the Company.

**Caroline Flynn**
for and behalf of

KPMG

Chartered Accountants, Statutory Audit Firm
1 Stokes Place, St Stephen's Green, Dublin 2

21 February, 2012

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

do Bhaill Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

### Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an Auditing Practices Board. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta do chúinsí an Chomhlachta, agus ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim rinneamar meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

### An Tuairim

Is í ár dtuairim í maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí an Chomhlachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig, 2011 agus ar a bharrachas don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

### Nithe eile

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an Comhlacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim í go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 46 go 54 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní an Chomhlachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach xx, comhionann le méid is mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite agus is é ár dtuairim ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig, 2011 staid airgeadais ann a bheadh ina cúis le cruinniú ginearálta urghnách den Chomhlacht a thionól faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

**Caroline Flynn**
ar son agus thar ceann

KPMG

Cuntasóirí Cairte,
Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta

1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

21 Feabhra, 2012

# Accounting Policies

**The following accounting policies have been applied consistently in dealing with items which are considered material in relation to the Company's financial statements.**

### 1. Basis of Accounting
The financial statements are prepared under the historical cost convention in accordance with applicable law and Irish Generally Accepted Accounting Practice which includes compliance with the financial reporting standards of the UK Accounting Standards Board as promulgated by The Institute of Chartered Accountants in Ireland.

### 2. Turnover
Turnover from the sale of National Lottery tickets is recognised as the tickets are sold, with adjustments being made for Scratch Card ticket stocks held by agents and for multi draw tickets / advance tickets.

All turnover is derived from and originates in Ireland.

### 3. Prizes
The prize structure complies with the requirements of Section 4(2) of the National Lottery Act, 1986 whereby, taking one year with another, not less than 40% of the total monies received by the Company in respect of the sale of National Lottery tickets shall be distributed in prizes. Prizes are provided for as revenue is recognised on the basis of the game's particular prize structure. Any difference between the total amount provided and the amounts actually distributed is included in Creditors in the balance sheet.

### 4. Advertising and Promotional Expenditure
Advertising and promotional expenditure is written off in full in the year in which the costs are incurred.

### 5. Leased Assets – Operating
Operating lease rentals are charged to the Profit and Loss Account on a straight line basis over the lease term.

### 6. Taxation
The Company is exempt from Corporation Tax under Section 220 Taxes Consolidation Act, 1997.

### 7. Fixed Assets – Tangible Assets
Tangible assets are shown as having no book value, as the total cost thereof to the Company is reimbursed out of the National Lottery Fund.

Accordingly, no depreciation is provided.

Under Section 17(1) (a) of the National Lottery Act, 1986, the Company holds these assets in trust for the State.

### 8. Fixed Assets – Financial Assets
Financial fixed assets are shown at cost less provisions for impairments in value. Income from financial fixed assets is recognised in the Profit and Loss Account in the year in which it is receivable.

### 9. Stocks
Stocks comprise Scratch Card ticket stocks and are valued at cost. Cost includes import duties, V.A.T. and transport costs. All unusable and obsolete stock is written off.

# Polasaithe Cuntasaíochta

**Cuireadh i bhfeidhm go rialta na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i gcás míreanna a measadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs ráitis airgeadais an Chomhlachta.**

### 1. Bunús na Cuntasaíochta
